Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14367/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0377(COD)**

**EF 365**
**ECOFIN 1167**
**CODEC 1545**
**IA 188**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 722 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe, ceanglais maidir le comhdhéanaimh agus éagsúlú punainne, iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile a mhéid a bhaineann le ceanglais a bhaineann le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmacha Eorpacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 722 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 722 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 722 final

2021/0377 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe, ceanglais maidir le comhdhéanaimh agus éagsúlú punainne, iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile a mhéid a bhaineann le ceanglais a bhaineann le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmacha Eorpacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 571 final} - {SWD(2021) 342 final} - {SWD(2021) 343 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha ('Rialachán ELTIF'), is creat Eorpach é le haghaidh cistí infheistíochta malartacha (CIManna) a infheistíonn in infheistíochtaí fadtéarmacha, amhail tionscadail bhonneagair shóisialta agus iompair, réadmhaoin agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Bunaítear le Rialachán ELTIF rialacha aonfhoirmeacha maidir le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibríochta agus margú ELTIFanna.

Beartaítear le creat rialála ELTIF infheistíochtaí fadtéarmacha i sócmhainní den chineál sin a dhéanann infheisteoirí institiúideacha agus miondíola a éascú agus foinse airgeadais mhalartach neamhbhainc a sholáthar don fhíorgheilleagar. Le maoiniú fadtéarmach den sórt sin is féidir tacú le forbairt gheilleagar an Aontais Eorpaigh agus é a chur ar bhealach fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh.

Ó foilsíodh an chéad phlean gníomhaíochta de chuid Aontas na Margaí Caipitil in 2015, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí chun foinsí maoinithe níos fadtéarmaí a fhorbairt san Aontas Eorpach[1]. Mar sin féin, is léir go bhfuil gá le tuilleadh idirghábhálacha beartais chun a áirithiú go gcuirfear níos mó infheistíochtaí chuig gnólachtaí a bhfuil caipiteal de dhíth orthu agus chuig tionscadail infheistíochtaí fhadtéarmacha, go háirithe le linn an téarnaimh ó phaindéim COVID-19.

Is é is aidhm don athbhreithniú seo glacadh ELTIFanna ar fud an Aontais a mhéadú ar mhaithe le geilleagar an Aontais agus infheisteoirí. Ar an gcaoi sin, thacófaí le forbairt leanúnach Aontas na Margaí Caipitil (CMU) arb é is aidhm dó freisin an rochtain atá ag cuideachtaí de chuid an Aontais ar mhaoiniú fadtéarmach atá níos cobhsaí, níos inbhuanaithe agus níos ilghnéithí a éascú.

Ní mór don Eoraip fás atá níos cliste, níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a chur chun cinn lena gcruthófar poist agus lena gcuirfear lena hiomaíochas domhanda. Tugadh tuilleadh tacaíochta don tosaíocht sin in Athbhreithniú Meántéarma phlean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil[2], lenar cinneadh go bhfuil an tAontas Eorpach thíos leis an easpa seasta maoinithe fhadtéarmaigh le haghaidh FBManna nuair a chuirtear i gcomparáid le mórgheilleagair eile é. Ina theannta sin, aithníodh go sainráite i bplean gníomhaíochta athbhreithnithe an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil[3] an gá atá le tacaíocht bhreise a thabhairt do mheáin infheistíochta lena gcuirtear maoiniú

---

[1] An Coimisiún Eorpach. Action Plan on Building a Capital Markets Union. [Plean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil a thógáil.] Foinse: https://ec.europa.eu/info/publications/2015-action-plan-building-capital-markets-union_en (Ar fáil: an 8 Feabhra 2021). I dtaca leis an méid sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil gá le tréimhse fhadtéarmach agus infheistíochtaí gaolmhara níos fadtéarmaí chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus chun an t-aistriú fuinnimh chuig chuig geilleagar ísealcharbóin a bhainistiú. Tá rath na n-infheistíochtaí sin i dteicneolaíochtaí agus bonneagair nua ag brath ar chreataí rialála éifeachtacha agus ar struchtúir airgeadais láidre agus chostéifeachtacha.

[2] An Coimisiún Eorpach. COM/2017/292 final. Foinse: https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication-cmu-mid-term-review-june2017_en.pdf (an 2 Bealtaine 2021).

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach. Aontas na Margaí Caipitil (CMU) le haghaidh daoine agus gnólachtaí – plean gníomhaíochta nua/ COM/2020/590 final. An 24 Meán Fómhair 2020. Foinse: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12498-A-Capital-Markets-Union-for-people-and-businesses-new-action-plan (An 8 Feabhra 2021).

chuig tionscadail infheistíochta fhadtéarmacha[4]. Sa phlean gníomhaíochta, gheall an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reachtach le haghaidh ELTIFanna[5].
Maidir leis an ngníomhaíocht sin i dtaca le ELTIFanna a fhorbairt chun dul i ngleic le spriocanna inbhuanaitheachta agus le cuspóirí aeráidneodrachta trí rannchuidiú na bpáirtithe leasmhara uile, go háirithe na páirtithe leasmhara a bhfuil ról acu sna straitéisí maoinithe fadtéarmacha, tá an ghníomhaíocht sin comhsheasmhach freisin leis an uaillmhian a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus go sonrach sa straitéis airgeadais inbhuanaithe[6]. Is deis é an tionscnamh seo freisin chun a áirithiú go bhfuil straitéisí infheistíochta agus gníomhaíochtaí tuairiscithe ELTIFanna ailínithe le spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais Eorpaigh[7].

Ó glacadh bunchreat dlíthiúil ELTIF i mí Aibreáin 2015, níor seoladh ach 57 ELTIF (amhail ó mhí Dheireadh Fómhair 2021) a raibh líon réasúnta beag glansócmhainní faoi bhainistíocht ag gabháil leo (meastar gur tuairim agus EUR 2.4 billiún iomlán na sócmhainní faoi bhainistíocht in 2021). Níl sainchónaí ar chistí údaraithe ELTIF den sórt sin ach i gceithre Bhallstát (Lucsamburg, an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn) agus ní raibh aon ELTIF intíre sna Ballstáit eile.

Cé gur creat réasúnta nua é ELTIF, tugtar le fios sna sonraí margaidh atá ar fáil nár tháinig méadú chomh mór sin ar fhorbairt an mhargaidh agus a raibh coinne leis, go háirithe i bhfianaise chuspóir an Choimisiúin i dtaca le maoiniú fadtéarmach a chur chun cinn san Aontas.

Maidir le saintréithe áirithe den tuairisc thuasluaite ar mhargadh ELTIF (i.e. an líon íseal cistí, méid beag na nglansócmhainní, an líon beag dlínsí ina bhfuil sainchónaí ar ELTIFanna, an comhdhéanamh punainne atá claonta i leith catagóir infheistíochta incháilithe áirithe), is léiriú iad ar chineál comhchruinnithe an mhargaidh sin ó thaobh na geografaíochta de agus i dtéarmaí chineál na hinfheistíochta.

Baineann buntáistí ar leith le creat ELTIF i gcomparáid le cistí infheistíochta malartacha (CIManna). Ar an gcéad dul síos, is lipéad Eorpach lán-chomhchuibhithe é le haghaidh táirgí airgeadais, rud a fhágann gur féidir dáileadh pasbhunaithe a dhéanamh ar fud an Aontais ar infheisteoirí gairmiúla agus miondíola araon. I gcomparáid leis sin, ní féidir CIManna faoi Threoir 2011/61/AE maidir le Bainisteoirí Cistí Malartacha Infheistíochta (BCIM) a mhargú ach amháin le hinfheisteoirí gairmiúla ach tá margú CIManna le hinfheisteoirí miondíola faoi réir rialacha náisiúnta. I gcásanna áirithe, is féidir le rialacha ELTIF an acmhainneacht

[4] Féachtar sa phlean gníomhaíochta ar an gcaoi a bhféadfadh 'athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat reachtach agus dreasachtaí méadaithe chun úsáid a bhaint as struchtúr cistí ELTIF tabhairt isteach cistí infheistíochta fadtéarmacha uile-Eorpacha a chur chun cinn agus tuilleadh maoinithe, lena n-áirítear maoiniú ó infheisteoirí miondíola, a chur i dtreo fíorgheilleagar an Aontais Eorpaigh. *Ibid*, leathanach 8.

[5] *Ibid*, leathanach 8 (Gníomhaíocht 3).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach i ndáil leis an Straitéis maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú. COM/2021/390 final.

[7] De réir rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le tacsanomaíocht gníomhaíochtaí inbhuanaithe (Rialachán 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020), agus creat nochta an Aontais le haghaidh cuideachtaí neamhairgeadais agus airgeadais (Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann leis an tuairisciú corparáideach inbhuanaithe a dhéanann gnóthais áirithe, COM (2021) 189 final, 21.4.2021; Rialachán (AE) Uimh. 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht in earnáil na seirbhísí airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

luaineacht sa mhargadh a sheasamh a chur ar fáil i ngeall ar an gcineál iata agus an treoshuíomh fadtéarmach a bhaineann leo, agus i gcásanna eile, d'fhéadfaí cóireálacha cánach náisiúnta fabhracha a thabhairt d'infheisteoirí ELTIF, ag brath ar na dlíthe cánach náisiúnta is infheidhme. Is léiriú iad ELTIFanna ar rogha níos sábháilte le haghaidh infheisteoirí a bhfuil leas acu in infheistíochtaí i gcothromas príobháideach agus tá próifíl riosca níos ísle acu ná mar a bhíonn ag glanchistí cothromais phríobháidigh.

Bunaithe ar an meastóireacht ar fheidhmiú chreat dlíthiúil ELTIF agus ar aiseolas ó na páirtithe leasmhara, is beag a dhéanann na rialacha cistí sriantacha agus na bacainní iontrála le haghaidh infheisteoirí miondíola de bhuntáistí ELTIFanna agus mar gheall ar an éifeacht chomhcheangailte sin, laghdaítear fóntas, éifeachtacht agus tarraingteacht chreat dlíthiúil ELTIF le haghaidh bainisteoirí agus infheisteoirí. Tá na srianta sin ina bpríomhchúiseanna nár éirigh le ELTIF méadú suntasach a dhéanamh agus barr a gcumais a bhaint amach i ndáil le hinfheistíochtaí a chur i dtreo an fhíorgheilleagair.

I dtaca leis sin, leis an athbhreithniú ar chreat rialála ELTIF féachtar le dlús a chur le glacadh ELTIFanna agus le feabhas a chur ar tharraingteacht ELTIFanna mar an struchtúr 'is fearr' le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha. Déanfar athruithe spriocdhírithe ar na rialacha cistí sa togra atá le teacht d'fhonn an creat sin a dhéanamh níos tarraingtí. Ciallaíonn sé sin go háirithe go leathnófar raon feidhme na sócmhainní agus na n-infheistíochtaí incháilithe lena gceadófar rialacha cistí níos solúbtha lena n-áirítear straitéisí ciste cistí a éascú agus na bacainní gan údar lena gcuirtear cosc ar infheisteoirí miondíola rochtain a fháil ar ELTIFanna a laghdú, go háirithe an ceanglas maidir leis an infheistíocht tosaigh EUR 10 000 agus an ceanglas maidir leis an tairseach chomhiomlán 10 % le haghaidh infheisteoirí miondíola a bhfuil punanna airgeadais faoi bhun EUR 500 000 acu.

Ina theannta sin, is é is aidhm don togra struchtúr ELTIF a dhéanamh níos tarraingt trí rialacha cistí roghnacha a éascú i ndáil le ELTIFanna a dháiltear ar infheisteoirí gairmiúla amháin. Tugtar isteach leis an athbhreithniú ar chreat dlíthiúil ELTIF sásra roghnach um ionú leachtachta chun leachtacht bhreise a sholáthar d'infheisteoirí ELTIF agus d'infheisteoirí a shuibscríobh le déanaí gan gá le tarraingt anuas ó chaipiteal ELTIFanna. Leis an togra, féachtar lena áirithiú go gcuirtear coimircí iomchuí i dtaca le cosaint infheisteoirí ar bun.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Aithníodh go sainráite i bplean gníomhaíochta athbhreithnithe an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil an gá atá le tacaíocht a thabhairt do mheáin infheistíochta lena gcuirtear maoiniú chuig tionscadail infheistíochta fhadtéarmacha. Sa phlean gníomhaíochta, gheall an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh ELTIFanna.

Tá creat dlíthiúil ELTIF nasctha go dlúth leis an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha ó tharla gurb é an Treoir sin an creat dlí lena rialaítear cistí infheistíochta malartacha (CIManna) a bhainistiú agus a mhargú san Aontas. De réir sainmhínithe, CIManna AE arna mbainistiú ag bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) atá údaraithe i gcomhréir leis an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha atá in ELTIFanna. Mar thoradh air sin, leagtar amach na rialacha is infheidhme maidir le bainisteoirí ELTIF sa Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus rialaítear leis iad. I bhfianaise na n-idirnasc atá idir Rialachán ELTIF agus creat na Treorach maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha, is tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha mar aon leis an athbhreithniú ar ELTIF. Glacadh an dá thogra an dáta céanna.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá naisc láidre ag an athbhreithniú ar chreat ELTIF le hAontas na Margaí Caipitil, leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an Aontas Fuinnimh Eorpach, leis an Margadh Aonair Digiteach agus le tionscnaimh thábhachtacha eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá Airteagal 114(1) de CFAE ina bhunús dlí do Rialachán lena gcruthaítear forálacha aonfhoirmeacha atá dírithe ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Bunaítear leis na rialacha táirge stuamachta teorainneacha na rioscaí a bhaineann le cistí infheistíochta atá spriocdhírithe ar shócmhainní fadtéarmacha. Iontu féin, ní dhéanann siad rochtain ar ghníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní a rialáil ach rialaíonn siad an tslí a gcuirtear gníomhaíochtaí den sórt sin i gcrích d'fhonn cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Tugann siad buntaca d'fheidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh.

D'fhonn cuspóir shláine an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach, cruthófar creat rialála le haghaidh ELTIFanna leis an mbeart reachtach atá beartaithe chun a áirithiú go mbeidh cistí den sórt sin faoi réir rialacha comhsheasmhacha ar fud an Aontais agus go mbeidh siad inaitheanta mar chistí den sórt sin ag infheisteoirí ar fud an Aontais. Is é is sprioc don Rialachán atá beartaithe tacar rialacha atá láidir ach solúbtha a chomhfhreagraíonn go sonrach do chineál fadtéarmach na n-infheistíochtaí atá i gceist a chruthú. Ba cheart go n-áiritheofar leis na rialacha atá beartaithe cothrom na Féinne idir bainisteoirí éagsúla cistí infheistíochta fadtéarmaí. Dá bhrí sin, déantar comhchuibhiú leis an togra reachtach seo ar na coinníollacha oibriúcháin le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha uile i margadh na gcistí infheistíochta, ar mhaithe leis na hinfheisteoirí uile agus chun feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais a áirithiú.

Leagtar síos an bunús dlí don athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2015/760 in Airteagal 37. Sonraítear ann, a luaithe a bheidh an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 37(1) ina ndéantar meastóireacht ar fheidhmiú chreat rialála an ELTIF tugtha chun críche agus tar éis dul i gcomhairle le ÚEUM, go gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéantar measúnú ar rannchuidiú an Rialacháin seo agus ELTIFanna le hAontas na Margaí Caipitil a thabhairt i gcrích agus leis na cuspóirí a leagtar amach I Rialachán ELTIF a bhaint amach. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.

- **Coimhdeacht**

I gcomhréir le Rialachán ELTIF, aithnítear ELTIFanna go sainráite mar chainéal chun tacú le hAontas na Margaí Caipitil agus chun é a thabhairt i gcrích trí fhoinse cistiúcháin fadtéarmaí a bhfuil rochtain ag infheisteoirí miondíola uirthi a sholáthar don fhíorgheilleagar. Cuspóirí Rialachán ELTIF, eadhon, ceanglais aonfhoirmeacha maidir le hinfheistíochtaí agus coinníollacha oibríochta le haghaidh ELTIFanna a áirithiú, agus sábháilteacht agus iontaofacht ELTIFanna le haghaidh bainisteoirí ELTIFanna, infheisteoirí agus páirtithe leasmhara éagsúla á gcur san áireamh ina n-iomláine, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar.

Mar thoradh air sin, is fearr is féidir cuspóirí Rialachán ELTIF a bhaint amach ar leibhéal an Aontais i ngeall ar a scála agus a n-éifeachtaí. Tá an ceart ag an Aontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann ELTIF thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

Maidir le comhréireacht, tagann an togra ar an gcothromaíocht chuí idir leas an phobail atá i gceist agus cost-éifeachtúlacht an bhirt. Leis na rialacha atá beartaithe, féachtar le lipéad coiteann táirgí a chruthú a bhfuil suim láidir ag an bpobal ann agus lena leagfaí síos bonn maidir le cómhargadh a bheadh iomaíoch, éifeachtúil agus costéifeachtach le haghaidh ELTIFanna ar fud an Aontais. Rinneadh calabrú cúramach ar na ceanglais a fhorchuirtear ar na páirtithe éagsúla lena mbaineann. Nuair is féidir, dréachtaíodh na ceanglais mar chaighdeáin íosta agus cuireadh ceanglais rialála in oiriúint ionas nach gcuirfear isteach gan ghá ar na samhlacha gnó atá ann cheana. Go háirithe, comhcheanglaíodh sa Rialachán atá beartaithe na paraiméadair atá oiriúnach d'infheistíochtaí fadtéarmacha agus do ghrúpaí infheisteoirí sonracha, trí na breithnithe slándála agus iontaoibhe a bhaineann le haon ainmniú ELTIFanna a chur san áireamh go hiomlán.

Dá bhrí sin, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun creat coiteann dlíthiúil a bhaint amach le haghaidh ELTIFanna. Mar sin féin, tugann sé aghaidh an tráth céanna ar na saincheisteanna rialála a dhéanfadh difear d'iontaofacht an lipéid.

- **An rogha ionstraime**

Is leasú é an togra atá ann faoi láthair ar Rialachán de chuid an Aontais atá ann cheana. Meastar gurb é rialachán an ionstraim dlí is iomchuí chun ceanglais aonfhoirmeacha a thabhairt isteach lena bpléifear, i measc nithe eile, le raon feidhme na sócmhainní incháilithe, comhdhéanamh na punainne, rialacha éagsúlaithe, beartas fuascailte, chomh maith le rialacha maidir le húdarú na gcistí atá beartaithe le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha. Is é is cuspóir do na rialacha táirge sin a áirithiú go n-oibreoidh ELTIFanna ar bhealach níos éifeachtúla.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Amhail ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, níor údaraíodh ach 57 ELTIF. Ar an gcúis sin, is tábhachtach go dtabharfar aghaidh san athbhreithniú ar ELTIF ar an réimse saincheisteanna a shainaithin na páirtithe leasmhara chun glacadh margaidh níos fearr i ndáil leis na cistí sin a spreagadh.

Tá acmhainneacht shuntasach díghlasáilte sa chreat dlíthiúil i gceist le cineál reatha foscála an mhargaidh ELTIF d'fhonn cur go héifeachtach leis an bhfíorgheilleagar agus le forbairt Aontas na Margaí Caipitil.

Tugtar tuilleadh eolais faoi na fadhbanna a sainaithníodh sa togra sa mheasúnú tionchair maidir le feidhmiú chreat ELTIF atá i gceangal leis an togra seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I mí an Mheithimh 2020, d'fhoilsigh an Fóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil (CMU) a thuarascáil deiridh[8] ina raibh 17 moladh maidir le deireadh a chur le

---

[8] An Tuarascáil Deiridh ón bhFóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil - A new vision for Europe's capital markets [Fís nua do mhargaí caipitil na hEorpa]. An 10 Meitheamh 2020. Foinse: https://ec.europa.eu/info/files/200610-cmu-high-level-forum-final-report_en (an 8 Feabhra 2021).

bacainní i margaí caipitil an Aontais, lena n-áirítear moladh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán ELTIF. De réir na tuarascála, d'fhéadfadh athbhreithniú ar chreat rialála ELTIF le leasuithe spriocdhírithe dlús a chur le glacadh na n-infheisteoirí le tréimhse infheistíochta fadtéarmaí agus sreabhadh an mhaoinithe fhadtéarmaigh chuig an bhfíorgheilleagar a mhéadú[9].

Chun tuiscint a fháil ar na príomhchúiseanna leis an nglacadh mall in ELTIFanna ar fud an Aontais agus chun moltaí a bhailiú ó na páirtithe leasmhara maidir le feidhmiú feabhsaithe chreat rialála an ELTIF, bhailigh an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a bhí ar fáil ó chomhairliúchán poiblí agus ó rannpháirtíocht dhéthaobhach le réimse leathan páirtithe leasmhara agus rinne sé anailís ar an bhfianaise sin, agus fuair sé aiseolas agus athbhreithniú ar pháipéir taighde tionscail. Ar an iomlán, 54 an líon freagraí foirmiúla a fuarthas ó chomhairliúchán poiblí ELTIF.

Ina theannta sin, rinneadh an t-aiseolas ó na grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara, lena n-áirítear bainisteoirí cistí, ionadaithe infheisteoirí, údaráis inniúla náisiúnta agus an pobal i gcoitinne (lena n-áirítear saoránaigh) a ionchorprú agus a chur san áireamh sa mheasúnú tionchair.

Bunaithe ar na comhairliúcháin tionscail, is cosúil gur tháinig na bainisteoirí cistí ar chomhaontú ginearálta (tá difríochtaí beaga ann ag brath ar an speisialtóireacht, ar an dlínse sainchónaithe agus ar an straitéis infheistíochta shonrach atá á saothrú) go ngabhann príomh-eisiamh ELTIFanna le raon feidhme teoranta na sócmhainní agus na n-infheistíochtaí, mar aon leis na bacainní follasacha a bhíonn le sárú ag infheisteoirí maidir le rochtain a fháil ar ELTIFanna.

Tá comhaontú ginearálta i measc na n-údarás inniúil náisiúnta maidir leis na príomhábhair nach mór a athbhreithniú (i.e. sócmhainní incháilithe, tairseacha uimhriúla, forálacha maidir le coinbhleacht leasa, etc.) Léiríodh an comhaontú ginearálta sin i gcomhairle theicniúil an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) atá ag teacht go mór leis na tograí beartais a leagtar amach sa mheasúnú tionchair. Go dtí seo, thacaigh na húdaráis inniúla náisiúnta go ginearálta leis an gcuspóir comhsheasmhacht idir na creataí a áirithiú trí dheireadh a chur le bearnaí, forluí agus neamhréireachtaí.

Mhol ionadaithe roghnaithe infheisteoirí (e.g. ionadaithe infheisteoirí institiúideacha, ionadaithe infheisteoirí institiúideacha atá ag gníomhú sa réimse fíorshócmhainní agus ionadaithe comhlachas árachais agus cistí pinsin) feabhsuithe spriocdhírithe comhchosúla do chreat ELTIF.

Tugadh roinnt freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí lasmuigh de na bealaí foirmiúla tíolactha agus rinneadh roinnt tíolacthaí tar éis an spriocdháta. Rinne ionadaithe bhainisteoirí ELTIF roinnt de na tíolacthaí sin (nó comhairliúcháin *ex post*).

Tugtar tuilleadh eolais faoin gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara in Iarscríbhinn 2 den mheasúnú tionchair maidir le feidhmiú chreat ELTIF atá i gceangal leis an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sa chomhairliúchán poiblí oscailte ar athbhreithniú ELTIF, bhí deis ag na páirtithe uile (an pobal i gcoitinne, na Ballstáit, ÚEUM, na húdaráis inniúla náisiúnta, institiúidí airgeadais, bainisteoirí sócmhainní, infheisteoirí, etc.) a gcuid tuairimí a thabhairt maidir leis na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an athbhreithniú ar chreat ELTIF agus leis an ngá atá le gníomhaíocht. Tugadh réimse réiteach féideartha chun solais freisin chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a d'ardaigh na páirtithe leasmhara.

9 *Ibid*, leathanach 12.

Tá an measúnú tionchair sin bunaithe go príomha ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus ar thaighde deisce breise an Choimisiúin. I gcomhréir le prionsabail ghinearálta na dtreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr ar an ngá atá le measúnuithe tionchair fianaise-bhunaithe, bhailigh an Coimisiún fianaise trí roinnt foinsí.

I dteannta na bhfoinsí a luaitear thuas, thug an Coimisiún faoi shraith comhairliúchán leis na grúpaí seo a leanas: (i) Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis (EGESC) an 27 Samhain 2020 agus an 19 Iúil 2021; (ii) an Buanchoiste um Sheirbhísí Bainistíochta Infheistíochta, chomh maith le caidreamh leanúnach le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta; (iii) collóiciam na bpáirtithe leasmhara maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) dar teideal 'ELTIF – Dúshláin agus Deiseanna in 2020' a reáchtáladh an 4 Feabhra 2020; (iv) ceardlann ELTIF a d'eagraigh Comhlachas na Fraince maidir le Bainistíocht Sócmhainní an 7 Nollaig 2020; (v) ceardlann ELTIF a d'eagraigh an Comhlachas maidir le Bainistíocht Infheistíochtaí Malartacha an 2 Feabhra 2021 maidir leis an taithí rialála i dtaca le feidhmiú chorparáidí forbartha gnó (BCDanna) agus a gcosúlachtaí le ELTIFanna; agus (vi) ceardlann ELTIF a d'eagraigh EuropeInvest le hionadaithe thionscal an chothromais phríobháidigh an 27 Bealtaine 2021.

- **Measúnú tionchair**

Cuireadh an tuarascáil ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) an 11 Meitheamh 2021. Tionóladh éisteacht an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 7 Iúil 2021. Bunaithe ar an bhfaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil roimh an éisteacht, d'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach, faoi réir moltaí maidir le sainmhíniú agus anailís níos fearr a dhéanamh ar na roghanna agus maidir le hanailís bhreise agus faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar na sonraí. Chun dul i ngleic le barúlacha an Bhoird, rinne an Coimisiún faisnéis agus anailís bhreise a ionchorprú sa mheasúnú tionchair, lena n-áirítear maidir le glacadh ELTIFanna le déanaí.

Tá bileog achoimre an mheasúnaithe tionchair agus an tuairim dhearfach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála i gceangal leis an togra seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is é is aidhm don tionscnamh, i bpáirt, costais rialála a laghdú le haghaidh bainisteoirí ELTIFanna agus ELTIFanna a bhaineann le rialacha cistí sriantacha agus deireadh a chur leis na bacainní a bhíonn ar infheisteoirí rochtain a fháil ar ELTIFanna.

Ar an iomlán, táthar ag súil go dtabharfar isteach solúbthacht bhreise leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán ELTIF agus go laghdófar an t-ualach ar bhainisteoirí cistí a sholáthraíonn táirgí atá curtha in oiriúint do riachtanais na gcliant gairmiúil. Ag an am céanna, má chuirtear deireadh leis na bacainní a bhíonn ar infheisteoirí rochtain a fháil ar ELTIFanna (agus na cosaintí atá ann faoi láthair á gcoinneáil ar bun le haghaidh infheisteoirí), laghdófar an t-ualach riaracháin agus déanfar ELTIFanna níos tarraingtí do bhainisteoirí sócmhainní agus d'infheisteoirí araon.

Mar sin féin, dá ndéanfaí cainníochtú beacht ar an méid a laghdódh na roghanna tosaíochta costais rialála, bheadh sé dúshlánach de bharr roinnt tosca. I bhfianaise mhéid theoranta na cruinne ELTIF agus cineál rúnda na sonraí maidir leis na costais a bhaineann le cistí, bheadh ar an gCoimisiún tacar toimhdí a dhéanamh agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá beartaithe ar laghduithe costais a eachtarshuí trí bheith ag brath ar thacar measúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla ar na bearta atá beartaithe.

Chomh maith leis sin, is creat deonach é ELTIF. Níl aon oibleagáid ar bhainisteoirí sócmhainní ELTIF a roghnú mar struchtúr cistí. Ina ionad sin, is féidir le bainisteoirí

sócmhainne 'rogha a dhéanamh a bheith páirteach' maidir le ELTIF a bhunú. Is féidir leo an ciste a bhunú mar CIM caighdeánach faoin Treoir maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha nó faoi aon struchtúr malartach cistí náisiúnta, nó is féidir leo a n-infheistíochtaí fadtéarmacha a struchtúrú ar bhealaí eile (amhail infheistíochtaí cothromais phríobháidigh). I bhfianaise na n-éifeachtaí ionadaíochta agus dáileacháin sin, bheadh sé dúshlánach bunús a thabhairt go húdarásach d'aon choigilteas féideartha nó intuigthe ar chostais na roghanna beartais tosaíochta lena ngabhann leibhéal stóinseachta leordhóthanach.

Ar deireadh, sa chomhairliúchán poiblí oscailte chuir an Coimisiún ceisteanna ar na páirtithe leasmhara go sainráite faoi na costais agus na hualaí a bhaineann le forálacha agus ceanglais áirithe de chreat dlíthiúil ELTIF. Mar sin féin, d'ainneoin iarrachtaí éagsúla chun faisnéis uimhriúil a bhailiú maidir leis na costais agus na coigiltí costais a bhaineann le roghanna beartais áirithe, is beag faisnéis a cuireadh ar fáil. D'fhéadfaí é sin a mhíniú go páirteach tríd na srianta bunúsacha ar chreat dlíthiúil ELTIF a luaitear thuas (sampla teoranta ciste, teimhneacht na hearnála, srianta rúndachta agus cineál deonach chreat an ELTIF). Mar sin féin, tugann an méid sin le fios go hintuigthe nach gcruthaíonn an costas a bhaineann le rialacha ELTIF a chomhlíonadh na deacrachtaí céanna do na páirtithe leasmhara agus a chruthaíonn an cineál sriantach a bhaineann leo.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear ann le prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chuirfí an creat ELTIF i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin, agus ní bheadh aon iarmhairtí ná aon éifeachtaí díobhálacha ag na leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán ELTIF ar fheidhmiú ceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl tionchar buiséadach ag an togra ar an gCoimisiún.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Athdhearbhaítear in Airteagal 1(2) cuspóir chreat dlíthiúil ELTIF chun caipiteal a chruinniú agus a dhíriú chuig tionscadail fhadtéarmacha. Tá an creat ag cloí go fóill le cuspóir an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Mar sin féin, ní áirítear a thuilleadh san fhoclaíocht nua a mholtar in Airteagal 1(2) an tagairt do thionscadail fhadtéarmacha Eorpacha chun raon feidhme níos leithne na sócmhainní incháilithe a neartú, ar tionscadail iad nach gá a bheith suite san Aontas. Ó tharla go gceadaítear le creat ELTIF sócmhainní incháilithe a bheith lonnaithe i dtríú tíortha, faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán ELTIF, is tábhachtach a áirithiú gur féidir sainordú infheistíochta domhanda a shaothrú le straitéisí infheistíochta ELTIF. D'áiritheofaí leis an soiléiriú sin tuilleadh soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla maidir le solúbthacht ELTIFanna sa leithdháileadh infheistíochta geografach. Féadfaidh infheistíochtaí i gcaomhnú comhshaoil nó i dtionscadail inbhuanaitheachta i dtríú tíortha, saoráidí taighde agus forbartha nó bonneagar fuinnimh a bheith ar áireamh i straitéisí leithdháilte 'téamúla' den sórt sin, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as infheisteoirí ELTIF agus le fás fadtéarmach AE agus a rannchuidíonn le cuspóirí ELTIF.

Áirítear in Airteagal 2, pointe 6 sainmhíniú ar 'sócmhainn réadach' a ndearnadh athbhreithniú air chun aon sócmhainn ag a bhfuil luach intreach de bharr a substainte agus a n-airíonna a chumhdach. Is é is cuspóir don athbhreithniú seo raon feidhme na straitéisí infheistíochta sócmhainní réadacha is féidir le bainisteoirí ELTIF a shaothrú a leathnú. D'fhéadfadh

fíorshócmhainní den sórt sin sreafaí airgid nó torthaí infheistíochta, amhail bonneagar sóisialta, cumarsáide, comhshaoil, fuinnimh nó iompair, chomh maith le hoideachas, sláinte, tacaíocht leasa nó saoráidí nó suiteálacha tionsclaíocha, a sholáthar, ach ní gá gá a bheith leo. Leis an sainmhíniú simplithe sin ar 'fhíorshócmhainní', áirithítear freisin go bhféadfar na sócmhainní sin nach féidir a chainníochtú go héasca a áireamh ar raon feidhme níos leithne na sócmhainní, mar shampla, na sócmhainní sin atá bunaithe ar shreabhadh airgid lascainithe nó ar mhodh luachála comparáide. Ina theannta sin, tugtar le tuiscint leis an sainmhíniú leathnaithe ar 'sócmhainní fíora' go n-áirítear leis na sócmhainní sin bonneagar, maoin intleachtúil, soithí, trealamh, innealra, aerárthaí nó rothstoc, agus maoin dhochorraithe, lena n-áirítear cearta atá ceangailte nó bainteach le sócmhainní réadacha, amhail uisce, foraoise agus cearta mianraí. Cuimsíonn raon feidhme méadaithe an tsainmhínithe 'fíorshócmhainní' freisin infheistíochtaí i maoin tráchtála, oideachas, comhairleoireacht, taighde, áiseanna spóirt nó forbartha, nó tithíocht, amhail cónaitheoirí sinsearacha nó tithíocht shóisialta. D'fhéadfadh sé go n-éileodh scála na dtionscadal bonneagair go bhfanfaidh suimeanna móra caipitil infheistithe ar feadh tréimhsí fada. D'fhéadfaí a áireamh ar thionscadail bhonneagair den sórt sin bonneagar foirgníochta poiblí amhail scoileanna, ospidéil nó príosúin, bonneagar sóisialta amhail tithíocht shóisialta, bonneagar iompair amhail bóithre, mórchórais iompair phoiblí nó aerfoirt, bonneagar fuinnimh amhail eangacha fuinnimh, tionscadail oiriúnaithe agus maolaithe aeráide, gléasraí cumhachta nó píblínte, bonneagar bainistithe uisce amhail córais soláthair uisce, córais séarachais nó uisciúcháin, bonneagar cumarsáide amhail gréasáin, agus bonneagar bainistithe dramhaíola amhail córais athchúrsála nó bailithe.

Tugtar sainmhíniú ar urrúsú simplí, trédhearcach, caighdeánaithe in Airteagal 2, pointe 14a, trí chrostagairt a dhéanamh d'Airteagal 2, pointe 1, de Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe.

Déantar Airteagal 3(3) de Rialachán ELTIF a leasú chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis maidir le húdaruithe arna dtabhairt nó arna dtarraingt siar agus aon athrú ar an bhfaisnéis faoi ELTIFanna a chur in iúl do ÚEUM ar bhonn míosúil, seachas ar bhonn ráithiúil. Ina theannta sin, sonraítear i bhfomhír 2 d'Airteagal 3(3) comhdhéanamh níos mionsonraithe de chlár poiblí an ELTIF, agus ba cheart réimsí sonraí breise a bheith ann a dtéann thar ainmneacha ELTIFanna údaraithe, bainisteoirí ELTIFanna agus údaráis inniúla ELTIFanna. Is é is cuspóir do chlár leictreonach lárnach an ELTIF infheictheacht níos fearr a áirithiú i dtaca le hinfheistíocht iomlán an ELTIF agus deis a thabhairt d'infheisteoirí, go háirithe infheisteoirí miondíola, faisnéis ábhartha a fháil agus a mheas maidir leis na deiseanna infheistíochta atá ar fáil i mBallstát na n-infheisteoirí sin.

Leagtar amach in Airteagal 5(1) agus (3) de Rialachán ELTIF roinnt athruithe lena n-éascaítear údarú ELTIF agus lena ndéantar cuíchóiriú ar dheighilt na bhforálacha sin a thugann aghaidh ar údarú ELTIF agus údarú bhainisteoir CIM (BCIM). Go háirithe, leasaítear Airteagal 5(3) de Rialachán ELTIF chun a shoiléiriú gurb é an t-údarás inniúil náisiúnta, agus an t-údarás inniúil náisiúnta amháin, atá freagrach as ELTIF a údarú agus nach bhfuil baint aige le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha an Aontais Eorpaigh (BCIM AE) a údarú ná a cheadú. Ina theanna sin, soiléiríodh nár cheart údarú ELTIF a bheith faoi réir an cheanglais go mbainisteofar ELTIF le BCIM a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát baile an ELTIF nó go ndéanfaidh BCIM aon ghníomhaíocht i mBallstát baile an ELTIF a shaothrú nó a tharmligean.

Leasaítear Airteagal 10(1) de Rialachán ELTIF ar roinnt bealaí. Ar an gcéad dul síos, leasaítear pointe (iii) d'Airteagal 10(1)(a) chun a áirithiú go bhféadfaidh ELTIFanna comhinfheistíochtaí mionlaigh a dhéanamh i ndeiseanna infheistíochta, a d'fhéadfadh soláthróirí níos measartha tionscadal infheistíochta a tharraingt, seachas ceangal a bheith orthu infheistíocht a dhéanamh trí fhochuideachtaí 'atá faoi úinéireacht na tromlaigh' nó trí infheistíochtaí a dhéanamh sna fochuideachtaí sin. Leasaítear pointe (d) chun go mbeidh an fhéidearthacht ann go saothródh ELTIFanna straitéisí infheistíochta cistí cistí agus infheistíocht a dhéanamh in CIManna de chuid an Aontais, chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh in ELTIFanna, EuVECAnna agus EuSEFanna arna mbainistiú ag BCIManna AE, ar choinníoll go n-infheistíonn ELTIFanna, EuVECAnna, EuSEFanna, GCUI agus CIManna AE in infheistíochtaí incháilithe. Le cur chuige na trédhearcachta sin, ba cheart go n-áiritheofaí críonnacht i straitéisí ciste cistí agus cuirfear sócmhainní an ELTIF agus na ngnóthas comhinfheistíochta eile le chéile chun críocha na dteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 13 agus in Airteagal 16(1).

Ceadaítear le hAirteagal 10(1)(e) de Rialachán ELTIF infheistíochtaí i sócmhainní réadacha agus áirithítear nach bhfuil infheistíochtaí ELTIF den sórt sin teoranta do na foirmeacha úinéireachta trí shealúchais dhíreacha nó sealúchais indíreacha trí ghnóthais phunainne cháilitheacha sócmhainní réadacha aonair amháin. Faoi na forálacha athbhreithnithe, is féidir le ELTIFanna infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní réadacha más EUR 1 000 000 ar a laghad é íosluach infheistíochta na sócmhainní sin, agus ní cheanglaítear a thuilleadh sócmhainní réadacha a bheith faoi úinéireacht dhíreach nó trí 'sealúchas indíreach trí ghnóthais phunainne cháilitheacha'. D'fhágfadh an t-athrú sin go bhféadfaí raon leathan straitéisí infheistíochta sócmhainní réadacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chuimsiú. Tríd an tairseach a ísliú, chuirfí freisin le solúbthacht bhainisteoirí ELTIF, ós rud é gur cleachtas margaidh caighdeánach é luach i bhfad níos lú ná EUR 10 000 000 a bheith i gceist le fíorshócmhainní aonair de phunann mhór. Murach sin, bheadh tionchar ar leith ar phunanna a bhí i bhfeidhm le tamall anuas, ós rud é go dtagann laghdú de ghnáth ar luach sócmhainní áirithe sa spás fuinnimh in-athnuaite (amhail painéil gréine nó lanna tuirbíní gaoithe) le linn a saolré. Trí íosluach sócmhainní aonair a ísliú, féachtar freisin lena áirithiú go dtabharfar rochtain do bhainisteoirí sócmhainní ar phunanna móra beag beann ar luachanna na sócmhainní iarbhír aonair lena bhfoirmítear na punanna móra sin agus go bhfuil punann níos éagsúlaithe agus dá bhrí sin go bhfuil níos lú rioscaí ag baint léi.

Leasaíodh Airteagal 10(1)(f) chun raon feidhme na n-urrúsuithe incháilithe, a chuimsíonn urrúsuithe ceithre chatagóir, a shonrú: iasachtaí cónaithe arna n-urrús le morgáiste amháin nó níos mó ar mhaoin chónaithe dhochorraithe (i.e. urrús de bhun morgáistí cónaithe); iasachtaí tráchtála arna n-urrú le morgáiste amháin nó níos mó ar mhaoin réadach tráchtála; iasachtaí corparáideacha (lena n-áirítear iasachtaí arna dtabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide); agus suimeanna trádála infhála nó risíochtaí foluiteacha eile a mheasann an tionscnóir a bheith ina gcineál sócmhainne ar leith, ar choinníoll go ndéantar na fáltais ó urrúsú na suimeanna trádála infhála sin nó na risíochtaí foluiteacha eile a úsáid chun infheistíochtaí fadtéarmacha a mhaoiniú nó a athmhaoiniú. Leis na forálacha sin, d'fhéadfaí méid agus raon feidhme na sócmhainní incháilithe le haghaidh ELTIFanna a leathnú, agus, ar an gcaoi sin, creat rialála ELTIF a dhéanamh níos tarraingtí do bhainisteoirí sócmhainní agus d'infheisteoirí.

Leasaítear Airteagal 11(1) chun an coincheap 'gnóthas punainne cáilitheach' a chuíchóiriú. Leasaítear Airteagal 11(1)(b) freisin chun an tairseach caipitlithe margaidh le haghaidh gnóthas punainne cáilitheach liostaithe a ardú ó EUR 500 milliún go EUR 1 bhilliún agus

chun a áirithiú nach gcuirfear an tairseach ar chaipitliú an mhargaidh i bhfeidhm ach amháin tráth na hinfheistíochta tosaigh.

Leasaítear Airteagal 12 ar dhá bhealach: Ar an gcéad dul síos, áirítear i raon feidhme na bhforálacha maidir le coinbhleacht leasa i mír 1 na tagairtí do CIManna AE is féidir le bainisteoir ELTIF a bhainistiú. Le mír 2, féachtar go sainráite lena áirithiú go bhféadfaidh bainisteoirí ELTIF agus a n-eintitis chleamhnaithe ar cuid den ghrúpa céanna iad, agus a bhfoireann infheistiú san ELTIF sin agus sa tsócmhainn chéanna. D'fhéadfadh comhinfheistíochtaí den sórt sin a bheith ina gcuid riachtanach de na straitéisí comhinfheistíochta atá á saothrú ag bainisteoirí CIM agus i gcásanna áirithe is féidir leo a bheith ina ngnáthchleachtas tionscail. Ceadaítear le hAirteagal 12(2) na comhinfheistíochtaí a dhéanann an bainisteoir agus a eintitis cleamhnaithe ar leis an ngrúpa céanna iad leis an mbainisteoir ELTIF sin, agus a bhfoireann, agus sa mhéid sin amháin, a fhad agus atá socruithe eagraíochtúla agus riaracháin curtha i bhfeidhm ag an mbainisteoir ELTIF chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu agus ar choinníoll go ndéantar na coinbhleachtaí leasa sin a nochtadh go leordhóthanach. Leis na ceanglais bhreise sin féachtar le cosaint riachtanach infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a sholáthar.

Faoi láthair, leagtar amach in Airteagal 13 gur cheart tairseach íosta le haghaidh sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe a bheith cothrom le 70 %. Ina theannta sin, leagtar amach in Airteagal 13 ceanglais maidir le comhdhéanamh na punainne agus le héagsúlú. Tá ceanglais éagsúlaithe ELTIF an-ghránach agus cuirtear ceanglas infheistíochta mainneachtana 10 % i bhfeidhm d'infheistíochtaí in iasachtaí, d'aon sócmhainn réadach aonair, le haghaidh cistí infheistíochta eile. Chun tarraingteacht ELTIFanna a chur chun cinn i measc bainisteoirí sócmhainní, laghdaítear leis an modhnú ar Airteagal 13(1) an tairseach le haghaidh sócmhainní infheistíochta incháilithe ELTIFanna go 60 %. Tríd an tairseach sin a ísliú, d'fheabhsófaí próifíl leachtachta phunanna foluiteacha ELTIFanna agus chuirfí solúbthacht na mbainisteoirí sócmhainne chun cinn agus a straitéisí infheistíochta á gcur i bhfeidhm acu.

Méadaíonn pointe (a) go pointe (c) d'Airteagal 13(2) go 20 % na neamhchosaintí ELTIF miondíola uasta ar ionstraimí arna n-eisiúint ag aon ghnóthas punainne cáilitheach aonair nó iasachtaí arna ndeonú d'aon ghnóthas punainne cáilitheach aonair. Ina theannta sin, bunaíodh an tairseach 20 % do na ELTIFanna sin is féidir a mhargú le hinfheisteoirí miondíola le haghaidh infheistíochtaí in aon ELTIF, EuVECA, EuSEF, nó CIM AE aonair arna bhainistiú ag CIM AE incháilithe le haghaidh infheistíochta faoi Airteagal 10(1) de Rialachán ELTIF. I gcás na sócmhainní sin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 9(1) arna n-eisiúint ag comhlacht aonair, rinneadh an tairseach a dhúbailt go 10 %.

Chun freastal ar chalabrú neamhchosaintí ELTIFanna miondíola ar urrúsuithe simplí trédhearcacha caighdeánaithe, leagtar amach i mír 3a nua nach bhféadfaidh luach comhiomlán urrúsuithe simplí, trédhearcacha agus caighdeánaithe a bheith níos mó ná 20 % de luach chaipiteal an ELTIF. Níor cheart an nochtadh comhiomlán riosca le contrapháirtí de chuid ELTIF a thagann as idirbhearta díorthacha thar an gcuntar, comhaontuithe athcheannaigh ná comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais a bheith níos mó ná 10 % de luach chaipiteal ELTIF. Scriostar Airteagal 13(5) i bhfianaise na dteorainneacha nochta méadaithe atá ag ELTIFanna miondíola. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur sonraítear i mír 8 nua d'Airteagal 13 nár cheart feidhm a bheith ag na tairseacha infheistíochta a leagtar amach i mír 2 go mír 4 i gcás ina ndéantar ELTIFanna a mhargú d'infheisteoirí gairmiúla amháin.

Sonraítear in Airteagal 15(1) nach bhféadfaidh ELTIF níos mó ná 30 % d'aonaid nó de scaireanna ELTIF, EuVECA, EuSEF, nó CIM AE arna bhainistiú ag BCIM AE atá incháilithe faoi Airteagal 10(1)(d) a fháil. Sonraítear i mír 2 nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag na teorainneacha comhchruinnithe i gcás ina ndéantar ELTIFanna a mhargú d'infheisteoirí gairmiúla amháin.

Féachann Airteagal 16 le ELTIFanna is féidir a mhargú le hinfheisteoirí miondíola a chumasú a n-iasachtaí airgid a mhéadú suas le 50 % de thairseach an ELTIF. Os a choinne sin, cheadófaí do na ELTIFanna sin a mhargaítear le hinfheisteoirí gairmiúla amháin suas le 100 % de luach chaipiteal an ELTIF a ghiaráil. Féachann an togra freisin le solúbthacht bhreise a chur ar fáil sna rialacha a bhaineann le hairgeadra agus leathnaítear leis an deis atá ag ELTIFanna conradh a dhéanamh in airgeadra seachas an t-airgeadra bunaidh i gcás ina ndearnadh neamhchosaintí airgeadra den sórt sin a fhálú nó i gcás inar féidir a léiriú ar shlí eile nach bhfuil an ELTIF neamhchosanta ar rioscaí ábhartha airgeadra mar gheall ar iasacht in airgeadra eile. Scriostar an ceanglas ualaithe 30 % atá in Airteagal 16(1) pointe (e), agus soiléirítear go gceadaítear ualú sócmhainní i gcás ina bhfuiltear ag iarraidh an straitéis iasachtaíochta a chur chun feidhme. Tugtar isteach le mír 1a nua d'Airteagal 16 soiléiriú nach measfaí gur iasachtaíocht atá sna socruithe iasachtaíochta sin a chumhdaítear go hiomlán le gealltanais caipitil infheisteoirí. Chuirfeadh an fhoráil seo solúbthacht bhreise ar fáil do bhainisteoirí sócmhainní agus giaráil á déanamh acu. Chun freastal ar chosaintí níos airde maidir le cosaint infheisteoirí, leis an mír 2 athbhreithnithe d'Airteagal 16 ceanglaítear ar bhainisteoirí ELTIF cur i láthair mionsonraithe a sholáthar maidir le straitéis agus teorainneacha iasachtaíochta ELTIF. Féachtar leis an gceanglas sin freisin oibleagáid a chur ar bhainisteoirí ELTIF cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcabhródh an iasacht le straitéis an ELTIF a chur chun feidhme agus rioscaí iasachtaíochta, airgeadra agus ré a mhaolú.

Leasaítear na rialacha a bhaineann le fuascailtí in Airteagal 18(7) chun cur ar chumas ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófaí tuilleadh na cúinsí le haghaidh fuascailtí faoi imthosca teoranta i mír 2. D'fhéadfadh cásanna a bheith i gceist le fuascailtí den sórt sin ina gcuirfeadh an fhaisnéis íosta a bheidh le soláthar do na húdaráis inniúla agus na critéir fuascailte agus an céatadán le haghaidh fuascailtí ar chumas ELTIFanna fuascailtí teoranta a sholáthar bunaithe ar shreafaí airgid agus dliteanais in ELTIF a bhfuiltear ag súil leo. Ina theannta sin, cheanglófaí ar ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonraítear an fhaisnéis a theastaíonn ó ELTIFanna a nochtadh d'infheisteoirí.

Le hAirteagal 19, chuirfí ar a gcumas do bhainisteoirí ELTIF an fhéidearthacht maidir le sásra roghnach um ionú leachtachta a chur san áireamh i rialacha nó in ionstraimí corpraithe ELTIF ach ní cheanglófaí sin orthu. Is é is aidhm do shásra leachtachta an mhargaidh thánaistigh iarrataí aistrithe ar aonaid nó ar scaireanna an ELTIF a chomhoiriúnú go hiomlán nó go páirteach, roimh dheireadh shaolré an ELTIF, trí iarrataí suibscríbhinne ó infheisteoirí nua a chur ar fáil d'infheisteoirí ELTIF. Is féidir iarratais ar aistriú agus ar shíntiús a mheaitseáil, ar choinníoll go gcomhlíontar roinnt coinníollacha carnacha. Go háirithe, bheadh ar bhainisteoir an ELTIF beartas sainithe a bheith aige maidir le sásra leachtachta roghnach den sórt sin agus an fhaisnéis seo a leanas a shonrú sa bheartas sin: an próiseas aistrithe maidir le hinfheisteoirí atá ag imeacht agus infheisteoirí atá ag suibscríobh, róil bhainisteoir nó riarthóir na gcistí, an t-ionú is infheidhme, an praghas forghníomhaithe, na coinníollacha maidir leis an bhforleathadh, na ceanglais maidir le nochtadh agus na táillí, na costais agus na muirir is infheidhme. Tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar le sásra leachtachta roghnach den sórt sin cóir chothrom na n-infheisteoirí agus deis leordhóthanach a thabhairt do bhainisteoir ELTIF faireachán a dhéanamh ar riosca leachtachta ELTIFanna.

Le hAirteagal 21(1), modhnaítear na forálacha maidir le sócmhainní ELTIF a dhiúscairt trína cheangal ar an mbainisteoir ELTIF an t-údarás náisiúnta inniúil a chur ar an eolas faoi dhiúscairt ordúil na sócmhainní chun infheisteoirí a fhuascailt. Spreagfadh iarraidh ar leith ó údarás inniúil an ELTIF oibleagáid ar an ELTIF sceideal mionsonraithe a chur faoi bhráid an údaráis inniúil chun diúscairt ordúil na sócmhainní a chur faoi bhráid an údaráis inniúil.

Ceanglaítear le hAirteagal 26 ar bhainisteoir ELTIF a bhfuil sé beartaithe a aonaid nó a scaireanna a mhargú le hinfheisteoirí miondíola a cuireadh ar bun, i ngach Ballstát ina bhfuil ELTIFanna á margú, saoráidí chun suibscríbhinní a dhéanamh, íocaíochtaí a dhéanamh le scairshealbhóirí aonad nó le scairshealbhóirí, aonaid nó scaireanna a athcheannach nó a fhuascailt agus an fhaisnéis a chur ar fáil a cheanglaítear ar an ELTIF agus ar a bhainisteoir a sholáthar. Scriostar na forálacha sin maidir le saoráidí infheisteoirí chun margú ELTIFanna a éascú, go háirithe margú trasteorann, ar bhealach atá i gcomhréir le acquis an Aontais Eorpaigh. Le scriosadh Airteagal 26, féachtar lena áirithiú gur féidir ELTIFanna a mhargú gan bainisteoirí ELTIFanna a chur faoi réir an cheanglais 'saoráidí' a chur i bhfeidhm, saoráidí a fhorléirítear in amanna chun saoráidí fisiciúla nó socruithe nó ceanglais ar leith TF, a bhaineann le pearsanra nó riarachán a chur in iúl.

Le hAirteagal 28(1), féachtar le deireadh a chur le dúbláil pháirteach an mheasúnaithe oiriúnachta dá dtagraítear i Rialachán ELTIF agus sa Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II). Chuige sin, déantar crostagairt in Airteagal 28(1) agus in Airteagal 30(1) don oibleagáid atá ar bhainisteoirí agus dáileoirí ELTIF, agus ELTIFanna á dtairiscint nó á gcur go díreach acu, an measúnú oiriúnachta a dhéanamh i gcomhréir le forálacha MiFID II. Is tábhachtach an t-ailíniú sin ar thástáil oiriúnachta ELTIF leis an tástáil MiFID II i gcomhthéacs an scriosta atá beartaithe ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 30(3) ina bhfuil an ceanglas maidir leis an íosmhéid infheistíochta tosaigh EUR 10 000 agus an tairseach chomhiomlán 10 % do phunanna airgeadais na n-infheisteoirí miondíola. Leis an togra seo, féachtar leis na ceanglais sin a bhaint, i.e. an infheistíocht íosta EUR 10 000 (an 'méid iontrála') agus tairseach neamhchosanta 10 % le haghaidh infheisteoirí miondíola a bhfuil punanna airgeadais faoi bhun EUR 500 000 acu. Is é is cúis leis sin gur bacainní gan údar iad na ceanglais sin lena gcuirtear cosc ar infheisteoirí miondíola rochtain a bheith acu ar ELTIFanna agus toisc go bhfuil sé cruthaithe, i bhformhór na gcásanna, go bhfuil tairseacha den sórt sin trom, athchomhairleach agus neamhéifeachtach.

Le hAirteagal 30(4), féachtar le soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phrionsabal an chaithimh chomhionainn, mar a cuirtear i bhfeidhm é laistigh den aicme nó aicmí ábhartha ELTIFanna. Le hAirteagal 30(6), féachtar lena áirithiú nach mbeidh feidhm ag an tréimhse aistarraingthe dhá sheachtain ach amháin maidir le hinfheisteoirí miondíola agus nach mbeidh sé éifeachtach ach amháin le linn an dá sheachtain tar éis dháta éifeachtach an ghealltanais nó an chomhaontaithe shuibscríbhinne.

Modhnaítear Airteagal 37(1) chun na coinníollacha i dtaca leis an athbhreithniú nua ar chreat rialála ELTIF a leathnú. D'fhéadfaí tús a chur le hathbhreithniú den chineál sin laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm Rialachán ELTIF agus ba cheart tacar rialacha cistí atá níos cuimsithí ná na rialacha a leagadh amach i dtús báire in Airteagal 37 a chumhdach. Déanfar meastóireacht chuimsitheach ar fheidhmiú an Rialacháin seo 5 bliana tar éis a chur i bhfeidhm. Leathnaítear raon feidhme an chlásail athbhreithnithe a ndearnadh athbhreithniú air chun feidhmiú agus cur i bhfeidhm rialacha na bpríomhchistí agus tionchar na rialacha sin ar bhainisteoirí ELTIF agus infheisteoirí a chumhdach. Bheadh gá le comhairliúchán le ÚEUM chun an t-athbhreithniú ar chreat dlíthiúil ELTIF a dhéanamh.

2021/0377 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe, ceanglais maidir le comhdhéanaimh agus éagsúlú punainne, iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile a mhéid a bhaineann le ceanglais a bhaineann le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmacha Eorpacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [11], níor údaraíodh ach roinnt Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna). Measadh méid iomlán ghlansócmhainní na gcistí sin a bheith thart ar EUR 2 400 000 000 in 2021.

(2) Léiríonn na sonraí margaidh atá ar fáil nár tháinig méadú chomh mór sin ar an uas-scálú ar fhorbairt dheighleog ELTIF agus a raibh coinne leis, d'ainneoin an tAontas a bheith ag díriú ar mhaoiniú fadtéarmach a chur chun cinn san Aontas.

(3) Maidir le saintréithe áirithe de mhargadh ELTIF, lena n-áirítear an líon íseal cistí, méid beag na nglansócmhainní, an líon íseal dlínsí ina bhfuil sainchónaí ar ELTIFanna, agus comhdhéanamh punainne atá claonta i leith catagóirí infheistíochtaí incháilithe áirithe, is léiriú iad ar chineál comhchruinnithe an mhargaidh sin ó thaobh na geografaíochta de agus i dtéarmaí chineál na hinfheistíochta. Dá bhrí sin is gá creat dlíthiúil ELTIF a athbhreithniú chun a chinntiú go gcuirtear níos mó infheistíochtaí i dtreo gnólachtaí a bhfuil caipiteal de dhíth orthu agus chuig tionscadail infheistíochtaí fadtéarmacha.

---

10 IO C , , lch. .

11 Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98).

(4) D'fhéadfadh ELTIFanna infheistíochtaí fadtéarmacha a éascú san fhíorgheilleagar. Is féidir le hinfheistíochtaí fadtéarmacha i dtionscadail, i ngnóthais agus i dtionscadail bonneagair i dtríú tíortha caipiteal a ghnóthú do ELTIFanna agus ar an gcaoi sin is féidir leo tairbhiú do gheilleagar an Aontais. Is iomaí slí inar féidir le tairbhí den sórt sin teacht chun cinn, lena n-áirítear trí infheistíochtaí lena ndéantar forbairt na réigiún teorann a chur chun cinn, comhar tráchtála, airgeadais agus teicneolaíoch a fheabhsú agus infheistíochtaí i dtionscadail chomhshaoil agus fuinnimh inbhuanaithe a éascú. Féadfaidh infheistíochtaí i ngnóthais cháilitheacha tríú tír agus i sócmhainní incháilithe tairbhí suntasacha a chur ar fáil d'infheisteoirí agus do bhainisteoirí ELTIF agus do na geilleagair, don bhonneagar, don inbhuanaitheacht aeráide agus chomhshaoil agus do na saoránaigh atá ag tríú tíortha den sórt sin. Dá bhrí sin ba cheart go mbeadh sé ceadmhach tromlach na sócmhainní agus na n-infheistíochtaí sin nó an príomhioncam a ghineann na sócmhainní agus na hinfheistíochtaí sin a bheith lonnaithe i dtríú tír.

(5) Tá na rialacha i gcomhair ELTIFanna beagnach comhionann lena chéile le haghaidh infheisteoirí gairmiúla agus infheisteoirí miondíola araon, lena n-áirítear rialacha maidir le húsáid na giarála, éagsúlú sócmhainní agus comhdhéanamh punainne, teorainneacha comhchruinnithe agus teorainneacha ar shócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe. Mar sin féin, tá tréimhsí ionchais éagsúla, lamháltais riosca éagsúla agus riachtanais infheistíochta éagsúla ag gabháil leis an dá chineál infheisteora. Mar gheall ar na rialacha sin atá beagnach comhionann lena chéile agus mar gheall, dá bharr, ar an ualach ard riaracháin agus costais arda ghaolmhara a bhaineann le ELTIFanna atá dírithe ar infheisteoirí gairmiúla, bhí drogall ar bhainisteoirí táirgí saincheaptha a thairiscint d'infheisteoirí den sórt sin. Bíonn lamháltas riosca níos airde ag infheisteoirí gairmiúla ná mar a bhíonn ag infheisteoirí miondíola agus d'fhéadfadh tréimhsí ionchais éagsúla agus cuspóirí fáltais éagsúla a bheith acu, de bharr a gcineáil agus a gcuid gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha le haghaidh ELTIFanna atá le margú le hinfheisteoirí gairmiúla, go háirithe maidir le héagsúlú agus comhdhéanamh na punainne lena mbaineann, leis an tairseach íosta le haghaidh sócmhainní incháilithe, leis na teorainneacha comhchruinnithe, agus le hairgead tirim a fháil ar iasacht.

(6) Is gá feabhas a chur ar an méid solúbthachta atá ag bainisteoirí sócmhainní agus iad ag infheistiú i gcatagóirí leathana sócmhainní réadacha. Dá bhrí sin ba cheart a mheas go bhfuil sealúchais dhíreacha nó indíreacha sócmhainní réadacha ina gcatagóir sócmhainní incháilithe, ar choinníoll go bhfuil luach ag na sócmhainní réadacha sin de bharr a gcineáil nó a substainte. Cuimsíonn sócmhainní réadacha den sórt sin maoin dhochorraithe, bonneagar cumarsáide, comhshaoil, fuinnimh nó iompair, bonneagar sóisialta, lena n-áirítear tithe scoir nó ospidéil, chomh maith le bonneagar le haghaidh oideachais, sláinte agus tacaíocht leasa nó saoráidí tionsclaíochta, suiteálacha, agus sócmhainní eile, lena n-áirítear maoin intleachtúil, soithí, trealamh, innealra, aerárthaí nó rothstoc, agus maoin dhochorraithe.

(7) Maidir le hinfheistíochtaí i maoin tráchtála, i saoráidí nó suiteálacha le haghaidh oideachais, taighde, spórt nó forbartha, nó i dtithíocht, lena n-áirítear tithíocht i gcomhair seanóirí nó tithíocht shóisialta, ba beart a mheas go bhfuil siad ina sócmhainní incháilithe mar gheall ar an gcumas atá i sócmhainní den sórt sin rannchuidiú leis na cuspóirí i leith fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun straitéisí infheistíochta réadaí a éascú i réimsí nach bhfuil infheistíochtaí díreacha i sócmhainní réadacha indéanta ná eacnamúil, ba cheart go gcuimseodh infheistíochtaí

incháilithe i sócmhainní réadacha infheistíochtaí i gcearta uisce, cearta foraoiseachta, cearta tógála agus cearta mianraí.

(8) Chun cuntasacht na n-infheistíochtaí a chur chun cinn agus chun nochtadh leordhóthanach a sholáthar maidir le tionchar na straitéise infheistíochta, ba cheart infheistíochtaí i maoin dhochorraithe a dhoiciméadú, lena n-áirítear i dtaobh a mhéid atá sócmhainní réadacha ina gcuid dhílis, nó ina ngné choimhdeach, de thionscadal infheistíochta fadtéarmaí a rannchuidíonn le cuspóir an Aontais i leith fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach.

(9) Is gá cur le tarraingteacht ELTIFanna do bhainisteoirí sócmhainní agus an raon straitéisí infheistíochta atá ar fáil do bhainisteoirí ELTIF a leathnú agus ar an gcaoi sin teorannú míchuí a sheachaint maidir le raon feidhme na hincháilitheachta a bhaineann le sócmhainní agus gníomhaíochtaí infheistíochta de chuid ELTIFanna. Níor cheart go mbeadh incháilitheacht sócmhainní réadacha ag brath ar a gcineál agus a gcuspóir ná ar nochtaí agus coinníollacha comhshaoil nó inbhuanaitheachta, ná ar nochtaí agus coinníollacha a bhaineann le gnóthaí sóisialta agus rialachais, ar nithe iad a chumhdaítear cheana le Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

(10) Is gá raon feidhme sócmhainní incháilithe a leathnú agus infheistíochtaí ELTIFanna i sócmhainní urrúsaithe a chur chun cinn. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil na sócmhainní foluiteacha ina risíochtaí fadtéarmacha, ba cheart a shoiléiriú gur cheart freisin go gcuimseodh sócmhainní infheistíochta incháilithe na hurrúsuithe simplí, trédhearcacha agus caighdeánaithe (STS) dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. Ar áireamh sna risíochtaí fadtéarmacha sin tá urrúsuithe i leith iasachtaí cónaithe atá arna n-urrú le morgáiste amháin nó níos mó ar mhaoin dhochorraithe chónaithe (urrúis le taca morgáistí cónaithe (RMBS)), iasachtaí tráchtála atá arna n-urrú le morgáiste amháin nó níos mó ar mhaoin dhochorraithe tráchtála, iasachtaí corparáideacha, lena n-áirítear iasachtaí a dheonaítear d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus suimeanna trádála infhála nó risíochtaí foluiteacha eile a mheasann an tionscnóir a bheith ina gcineál sócmhainne ar leith, ar choinníoll go ndéantar na fáltais ó urrúsú na suimeanna trádála infhála sin nó na risíochtaí foluiteacha eile a úsáid chun infheistíochtaí fadtéarmacha a mhaoiniú nó a athmhaoiniú.

(11) Chun feabhas a chur ar rochtain infheisteoirí ar fhaisnéis níos cothroime le dáta agus níos iomláine maidir le margadh ELTIF, is gá méadú a chur ar ghráinneacht agus tráthúlacht an chláir lárnaigh phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 3(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2015/760 (‘clár ELTIF’). Dá bhrí sin ba cheart go mbeadh faisnéis bhreise sa chlár ELTIF i dteannta na faisnéise atá sa chlár sin cheana, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (‘LEI’) agus

---

12 Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

13 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

14 Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

aitheantóir cóid náisiúnta an ELTIF, ainm, seoladh agus LEI bhainisteoir an ELTIF, cóid na nUimhreacha Aitheantais Idirnáisiúnta Urrús (‘ISIN’) de chuid an ELTIF agus de chuid gach aicme scaireanna nó aonad ar leith, údarás inniúil an ELTIF agus Ballstát baile an ELTIF sin, na Ballstáit ina margaítear na ELTIFanna, cé acu is féidir an ELTIF a mhargú le hinfheisteoirí miondíola nó nach féidir é a mhargú ach le hinfheisteoirí gairmiúla, dáta údaraithe an ELTIF, agus an dáta a thosaigh margú an ELTIF. Ina theannta sin, chun a chumasú d’infheisteoirí ELTIF anailís a dhéanamh ar ELTIFanna atá ann cheana agus comparáid a dhéanamh eatarthu, ba cheart go mbeadh naisc, atá cothrom le dáta, leis an doiciméadacht ELTIF i gclár ELTIF, lena n-áirítear leis na rialacha agus na hionstraimí corpraithe de ELTIF lena mbaineann, leis na tuarascálacha bliantúla, leis an réamheolaire agus, i gcás ina bhfuil fáil air, leis an Doiciméad Faisnéise Bunriachtanaí arna tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. Chun stádas cothrom le dáta a áirithiú do chlár ELTIF, is iomchuí a cheangal ar údaráis inniúla aon athrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le ELTIF a chur in iúl do ÚEUM, lena n-áirítear údaruithe agus tarraingt siar údaruithe den sórt sin, ar bhonn míosúil.

(12) Is féidir infheistíochtaí áirithe arna ndéanamh ag ELTIFanna a reáchtáil trí rannpháirtíocht eintiteas idirmheánach, lena n-áirítear meáin shainchuspóireacha agus meáin urrúsuithe nó chomhbhailitheora nó cuideachtaí sealbhaíochta. Faoi láthair ceanglaítear le Rialachán (AE) 2015/760 nach féidir infheistíochtaí a dhéanamh in ionstraimí cothromais nó cuasachothromais den ghnóthas punainne cáilitheach ach amháin i gcás ina bhfuil na gnóthais sin ina bhfochuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh, rud a chuireann teorainn suntasach le raon feidhme féideartha bhonn na sócmhainní incháilithe. Dá bhrí sin ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann do ELTIFanna comhinfheistiú mionlaigh a reáchtáil i ndeiseanna infheistíochta. Ba cheart don fhéidearthacht sin a chumasú do ELTIFanna solúbthacht bhreise a fháil agus a gcuid straitéisí infheistíochta á gcur cur chun feidhme acu, tuilleadh tionscnóirí tionscadal infheistíochta a mhealladh agus raon na sócmhainní sprice féideartha a mhéadú, ar nithe iad uile atá fíor-riachtanach le haghaidh straitéisí infheistíochta indíreacha a chur chun feidhme.

(13) Mar thoradh ar an imní go bhféadfadh straitéisí ciste cistí a bheith ina gcúis le teacht chun cinn infheistíochtaí nach dtagann faoi réim raon feidhme sócmhainní infheistíochta incháilithe, tá srianta i Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair ar infheistíochtaí i gcistí eile ar feadh shaolré ELTIF. Mar sin féin, bealach coitianta agus thar a bheith éifeachtach is ea straitéisí ciste cistí chun risíocht mhear ar shócmhainní neamhleachtacha a fháil, go háirithe maidir le réadmhaoin agus i gcomhthéacs struchtúir chaipitil lánìoctha. Is gá dá bhrí sin an deis a thabhairt do ELTIFanna a bheith in ann infheistiú i gcistí eile, toisc go gcuirfeadh sé sin ar chumas ELTIFanna a áirithiú go gcuirtear caipiteal chun úsáide níos tapúla. Dá ndéanfaí infheistíochtaí ciste cistí ag ELTIFanna a éascú d’fhéadfaí farasbarr d’airgead tirim a athinfheistiú i gcistí de bhrí go bhféadfadh infheistíochtaí éagsúla ag a bhfuil aibíochtaí ar leith sracadh airgid thirim ELTIF a ísliú. Is gá dá bhrí sin incháilitheacht na straitéisí cistí cistí le haghaidh bhainisteoirí ELTIF a leathnú thar infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair Eorpacha (EuVECAnna) nó i gcistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (EuSEFanna). Mar sin ba cheart leathnú a dhéanamh ar raon feidhme na ngnóthas comhinfheistíochta inar féidir le ELTIFanna a infheistiú chun go n-áireofar gnóthais le haghaidh

---

15 Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) agus cistí infheistíochta malartacha AE (CIManna AE) arna mbainistiú ag bainisteoirí CIM AE. Mar sin féin, chun cosaint éifeachtach infheisteoirí a áirithiú is gá go leagtar amach freisin, i gcás ina ndéanann ELTIF infheistíocht in ELTIFanna eile, i gcistí caipitil fiontair Eorpacha (EuVECAnna), i gcistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (EuSEFanna), in GCUI agus i CIManna AE arna mbainistiú ag BCIManna AE, gur cheart do na gnóthais chomhinfheistíochta sin infheistíocht a dhéanamh freisin in ionstraimí incháilithe nach ndearna ELTIFanna iad féin níos mó ná 10 % dá gcaipiteal a infheistiú in aon ghnóthas comhinfheistíochta eile.

(14) Chun úsáid níos fearr a bhaint as saineolas bhainisteoirí ELTIF agus mar gheall ar na buntáistí éagsúlaithe, i gcásanna áirithe is féidir leis dul chun tairbhe do ELTIFanna gach sócmhainn nó beagnach gach sócmhainn dá gcuid a infheistiú i bpunann éagsúlaithe an mháistir-ELTIF. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do ELTIFanna a gcuid sócmhainní a chomhthiomsú agus úsáid a bhaint as struchtúir mháistir-fothaire trí infheistiú i máistir-ELTIFanna.

(15) Maidir leis na ceanglais maidir le héagsúlú a leagtar síos sa leagan de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair, tugadh isteach iad chun a áirithiú gur féidir le ELTIFanna imthosca díobhálacha margaidh a sheasamh. Mar sin féin, tugtar le tuiscint leis na tairseacha éagsúlaithe sin go gceanglaítear ar ELTIFanna deich gcinn d’infheistíochtaí ar leith a dhéanamh ar an meán. Maidir le hinfheistíocht i dtionscadail nó i mbonneagair ar mhórscála, d’fhéadfadh an ceanglas deich gcinn d’infheistíochtaí a dhéanamh in aghaidh ELTIF a bheith deacair a chomhlíonadh, agus costasach i dtéarmaí costais idirbheartaíochta agus leithdháileadh caipitil. Chun laghdú a chur ar chostais idirbheartaíochta agus riaracháin do ELTIFanna agus, ar deireadh thiar, dá gcuid infheisteoirí, ba cheart dá bhrí sin do ELTIFanna a bheith in ann dul i mbun straitéisí infheistíochta níos comhchruinnithe agus ar an gcaoi sin a bheith ar ris i leith níos lú sócmhainní incháilithe. Is gá dá bhrí sin coigeartú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le héagsúlú le haghaidh risíochtaí ELTIFanna i leith gnóthais phunainne cháilitheacha aonair, sócmhainní réadacha aonair, gnóthais chomhinfheistíochta agus sócmhainní infheistíochta incháilithe eile, conarthaí agus ionstraimí airgeadais. Maidir leis an tsolúbthacht bhreise sin i gcomhdhéanamh punainne ELTIFanna agus an laghdú sna ceanglais maidir le héagsúlú, níor cheart go ndéanfaidís difear ábhartha do chumas ELTIFanna luaineacht sa mhargadh a sheasamh, toisc gurb iondúil go n-infheistíonn ELTIFanna i sócmhainní ar minic dóibh gan luachan margaidh a bhfuil fáil éasca air a bheith acu, a d’fhéadfadh a bheith thar a bheith neamhleachtach, agus ar minic dóibh aibíocht nó tréimhse ionchais fhadtéarmach a bheith acu.

(16) Murab ionann agus infheisteoirí miondíola, d’fhéadfadh sé go mbeidh ag infheisteoirí gairmiúla, in imthosca áirithe, tréimhse ionchais níos faide, cuspóirí fáltas airgeadais ar leith, níos mó saineolais, lamháltas riosca níos airde i leith droch-imthosca margaidh agus acmhainneacht níos airde chun caillteanas a iompar. Dá bhrí sin bíonn níos lú bearta cosanta infheisteora ag teastáil ó infheisteoirí gairmiúla den sórt sin ná mar a bhíonn ó infheisteoirí miondíola. Is iomchuí dá bhrí sin na ceanglais maidir le héagsúlú le haghaidh ELTIFanna nach margaítear ach le hinfheisteoirí gairmiúla a bhaint.

(17) Le hAirteagail 28 agus 30 de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair ceanglaítear ar bhainisteoirí nó dáileoirí ELTIF measúnú oiriúnachta a dhéanamh. Leagtar síos an ceanglas sin cheana in Airteagal 25 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa

agus ón gComhairle[16]. Tá an ceanglas dúblálach sin ina shraith bhreise ualaí riaracháin as a n-éiríonn costais níos airde le haghaidh infheisteoirí miondíola agus a fheidhmíonn mar dhídhreasú láidir le haghaidh bhainisteoirí ELTIF maidir le ELTIFanna nua a thairiscint d'infheisteoirí miondíola. Is gá dá bhrí sin an ceanglas dúblach sin a bhaint de Rialachán (AE) 2015/760.

(18) Le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) 2015/760 ceanglaítear freisin ar bhainisteoirí ELTIF nó dáileoirí ELTIF comhairle iomchuí infheistíochta a sholáthar nuair a mhargaítear ELTIFanna le hinfheisteoirí miondíola. Maidir leis an easpa beachtais i Rialachán (AE) 2015/760 maidir le cad is comhairle iomchuí infheistíochta ann agus an easpa crostagartha do Threoir 2014/65/AE, ina bhfuil sainmhíniú ar chomhairle infheistíochta, tá siad tar éis easpa deimhneachta dlíthiúla agus mearbhall a chruthú i measc bhainisteoirí Easpa agus dháileoirí ELTIF. Ina theannta sin, leis an oibleagáid comhairle infheistíochta a sholáthar cheanglófaí ar dháileoirí seachtracha a bheith údaraithe faoi Threoir 2014/65/AE nuair a mhargaítear ELTIFanna le hinfheisteoirí miondíola. Chruthódh sé sin baic neamhriachtanacha maidir le ELTIFanna a mhargú leis na hinfheisteoirí sin. Níor cheart dáileadh agus margú ELTIFanna a bheith faoi réir ceanglas níos déine ná mar a bhíonn dáileadh táirgí casta airgeadais eile, lena n-áirítear na ceanglais maidir le hurrúsuithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus na ceanglais maidir le dliteanais incháilithe fo-ordaithe a leagtar síos i dTreoir 2014/59 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. An oibleagáid chun tástáil oiriúnachta a dhéanamh, is leor í chun an chosaint is gá a sholáthar d'infheisteoirí miondíola agus tá sí i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá ann cheana agus a leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/2402 agus le Treoir 2014/59. Dá bhrí sin ní gá a cheangal ar dháileoirí agus bainisteoirí ELTIFanna an chomhairle infheistíochta sin a sholáthar d'infheisteoirí miondíola.

(19) I gcas infheisteoirí miondíola féideartha nach mó ná EUR 500 000 a bpunann ionstraimí airgeadais, ceanglaítear le hAirteagal 30(3) de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair go ndéanann siad infheistíocht íosta tosaigh EUR 10 000 in ELTIF amháin nó níos mó agus nach ndéanann infheisteoirí den sórt sin méid comhiomlán is mó ná 10 % dá bpunann ionstraimí airgeadais a infheistiú in ELTIFanna. An coinníoll rannpháirtíochta ó thaobh infheistíocht íosta tosaigh EUR 10 000 agus an teorainn 10 % ar an infheistíocht chomhiomlán, nuair a chuirtear i bhfeidhm le chéile iad cruthaíonn siad bacainn shuntasach don infheisteoir miondíola infheistiú in ELTIFanna, rud a thagann salach ar chuspóir ELTIF maidir le táirge ciste infheistíochta malartaí a bhunú. Dá bhrí sin is gá an ceanglas sin maidir le hinfheistíocht íosta tosaigh EUR 10 000 agus an teorainn 10 % ar an infheistíocht chomhiomlán a bhaint.

---

16 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

17 Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

18 Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

(20) Ceanglaítear le hAirteagal 10, pointe (e), de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair go mbíonn luach EUR 10 000 000 ar a laghad ag sócmhainní infheistíochta incháilithe i gcas ina bhfuil siad ina sócmhainní réadacha aonair. Mar sin féin, is minic a bhíonn punanna sócmhainní réadacha comhdhéanta de roinnt sócmhainní réadacha aonair ag a bhfuil luach is lú ná EUR 10 000 000. Dá bhrí sin ba cheart luach na sócmhainne réadaí aonair a laghdú go dtí EUR 1 000 000. Tá an méid sin bunaithe ar luach measta na sócmhainní réadacha aonair a d'fhéadfadh a bheith i bpunanna móra sócmhainní réadacha de ghnáth, agus dá bhrí sin a d'fhéadfadh rannchuidiú le héagsúlú na punainne infheistíochta.

(21) Le hAirteagal 11(1), pointe (b)(ii), de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair ceanglaítear caipitliú margaidh nach lú ná EUR 500 000 000 a bheith ag gnóthais phunainne cháilitheacha, i gcás ina ligtear isteach na gnóthais cháilitheacha sin chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach. Mar sin féin, bíonn leachtacht theoranta, ag go leor cuideachtaí a bhfuil caipitliú margaidh íseal acu, rud a chuireann cosc ar bhainisteoirí ELTIF suíomh leordhóthanach i gcuideachtaí den sórt sin a thógáil laistigh de thréimhse ama réasúnach, ar rud é a chúngaíonn raon na spriocanna infheistíochta atá ar fáil. Chun próifíl leachtachta níos fearr a sholáthar do ELTIFanna, ba cheart dá bhrí sin caipitliú margaidh na ngnóthas cáilitheach liostaithe inar féidir le ELTIFanna infheistíocht a dhéanamh a mhéadú ó uasmhéid EUR 500 000 000 go dtí uasmhéid EUR 1 000 000 000. Chun athruithe féideartha a sheachaint ar incháilitheacht infheistíochtaí den sórt sin de thoradh ar luaineachtaí airgeadra, níor cheart an tairseach caipitlithe margaidh a chinneadh ach tráth na hinfheistíochta tosaigh.

(22) D'fhéadfadh bainisteoirí ELTIFanna ag a bhfuil bun i ngnóthas punainne tús áite a thabhairt dá leasanna féin thar leasanna na n-infheisteoirí in ELTIF. Chun coinbhleachtaí leasa den sórt sin a sheachaint agus chun rialachas corparáideach fónta a áirithiú, ceanglaítear leis an leagan de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair nár cheart do ELTIF infheistíocht a dhéanamh ach i sócmhainní nach bhfuil baint acu le bainisteoir ELTIF, mura rud é go n-infheistíonn ELTIF in aonaid nó scaireanna de chuid gnóthas comhinfheistíochta eile atá á mbainistiú ag bainisteoir ELTIF. Mar sin féin, is cleachtas margaidh bunaithe é go ndéanann ceann amháin nó níos mó de mheáin infheistíochta an bhainisteora sócmhainní comhinfheistíocht i dteannta ciste eile a bhfuil cuspóir agus straitéis den chineál céanna aige agus atá ag an ELTIF sin. De thoradh ar chomhinfheistíochtaí den sórt sin ag bainisteoir CIM agus ag eintitis chleamhnaithe a bhaineann leis an ngrúpa céanna, táthar in ann comhthiomsuithe caipitil níos mó a mhealladh lena n-infheistiú i dtionscadail ar mhórscála. Chun na críche sin, is gnách le bainisteoirí sócmhainní infheistiú i gcomhthráth leis an ELTIF i sprioc-eintiteas agus a gcuid infheistíochtaí a struchtúrú trí mheáin chomhinfheistíochta. Mar chuid den sainordú bainistithe sócmhainní, is gnách go gceanglaítear, nó go mbítear ag súil leis, go ndéanfaidh bainisteoirí punainne agus pearsanra shinsearach na mbainisteoirí sócmhainní, comhinfheistíocht sa chiste céanna a bhainistíonn siad. Is iomchuí dá bhrí sin a shonrú, maidir leis na forálacha maidir le coinbhleacht leasa, nár cheart go gcuirfidís cosc ar bhainisteoir ELTIF ná ar ghnóthas a bhaineann leis an ngrúpa sin comhinfheistiú san ELTIF sin agus comhinfheistiú leis an ELTIF sin sa tsócmhainn chéanna. Chun a áirithiú go mbeidh coimircí éifeachtacha cosanta infheisteora ar bun, i gcás ina ndéantar comhinfheistíochtaí den sórt sin, ba cheart do bhainisteoirí ELTIF socruithe eagraíochtúla agus riaracháin a chur ar bun a dheartar chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu agus chun a áirithiú go ndéantar coinbhleachtaí leasa den sórt sin a nochtadh go leordhóthanach.

(23) Chun coinbhleachtaí leasa a chosc, chun idirbhearta nach ndéantar ar théarmaí trádála a sheachaint agus chun rialachas corparáideach fónta a áirithiú, leis an leagan de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair ní cheadaítear d'fhoireann bhainisteoir ELTIF agus d'fhoireann na ngnóthas a bhaineann leis an ngrúpa leis an mbainisteoir ELTIF céanna infheistiú san ELTIF sin nó comhinfheistiú leis an ELTIF sa tsócmhainn chéanna. Mar sin féin, is cleachtas margaidh bunaithe é, maidir le foireann bhainisteoir ELTIF agus foireann na n-eintiteas cleamhnaithe eile a bhaineann leis an ngrúpa céanna, a dhéanann comhinfheistíocht in éineacht le bainisteoir ELTIF, lena n-áirítear bainisteoirí punainne agus pearsanra shinsearach atá freagrach as príomhchinntí airgeadais agus oibríochtúla bhainisteoir ELTIF, gur minic a cheanglaítear, nó a bhítear ag súil leis, mar gheall ar chineál an tsainordaithe bainistithe sócmhainní, go ndéanfaidh siad comhinfheistíocht sa chiste céanna nó sa tsócmhainn chéanna chun dreasachtaí airgeadais na foirne sin agus na n-infheisteoirí a ailíniú. Is iomchuí dá bhrí sin a shonrú, maidir leis na forálacha maidir le coinbhleacht leasa, nár cheart go gcuirfidís cosc ar fhoireann bhainisteoir ELTIF ná ar ghnóthais a bhaineann leis an ngrúpa sin comhinfheistiú ina gcáil phearsanta san ELTIF sin agus comhinfheistiú leis an ELTIF sin sa tsócmhainn chéanna. Chun a áirithiú go bhfuil coimircí éifeachtacha cosanta infheisteora ar bun, i gcás ina ndéanann an fhoireann comhinfheistíochtaí den sórt sin, ba cheart do bhainisteoirí ELTIF socruithe eagraíochtúla agus riaracháin a chur ar bun a dheartar chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu agus chun a áirithiú go ndéantar coinbhleachtaí leasa den sórt sin a nochtadh go leordhóthanach.

(24) Ceanglaítear le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair go n-infheistíonn ELTIFanna 70 % ar a laghad dá gcaipiteal i sócmhainní infheistíochta incháilithe. Maidir leis an tairseach ard sin le haghaidh comhdhéanamh sócmhainní infheistíochtaí incháilithe, bunaíodh i dtosach í i bhfianaise fhócas ELTIFanna ar infheistíochtaí fadtéarmacha agus an rannchuidithe a chuirfeadh infheistíochtaí den sórt sin le maoiniú a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe gheilleagar an Aontais. I bhfianaise cineál neamhleachtach agus neamhghnách sócmhainní infheistíochta incháilithe áirithe a bhíonn i bpunanna ELTIFanna, d'fhéadfadh sé a bheith dian agus costasach ar bhainisteoirí ELTIF leachtacht ELTIFanna a bhainistiú, iarrataí fuascailtí a chomhlíonadh, socruithe iasachtaíochta a dhéanamh, agus forghníomhú a dhéanamh ar eilimintí straitéisí infheistíochta ELTIFanna eile a bhaineann le sócmhainní den sórt sin an aistriú, a luacháil agus a chur i ngeall. Dá laghdófaí an tairseach sócmhainní infheistíochta incháilithe chuirfí ar a gcumas do bhainisteoirí ELTIF bainistiú níos fearr a dhéanamh ar leachtacht ELTIFanna.

(25) Is minic a úsáidtear giaráil chun oibriú ELTIF ó lá go lá a chumasú agus chun straitéis shonrach infheistíochta a chur i gcrích. Is féidir le méideanna measartha giarála fáltais a mhéadú, agus, i gcás go rialaítear í go leordhóthanach, gan rioscaí iomarcacha a thabhú nó a ghéarú. Ina theannta sin, is minic is féidir le réimse gnóthas comhinfheistíochta giaráil a úsáid chun éifeachtúlachtaí nó fáltais oibríochtúla breise a ghnóthú. Ó tharla go bhfuil an tairseach iasachtaíochta airgid thirim teoranta do leibhéal 30 % de chaipiteal ELTIF faoi láthair, is féidir nach mbeidh bainisteoirí ELTIF in ann dul i mbun straitéisí infheistíochta áirithe go rathúil, lena n-áirítear i gcás infheistíochtaí i sócmhainní réadacha, i gcás inar gnáthchleachtas tionscadail é leibhéil níos airde giarála a úsáid nó gur gá ar shlí eile sin a dhéanamh chun fáltais tharraingteacha riosca-choigeartaithe a bhaint amach. Is iomchuí dá bhrí sin breis solúbthachta a chur ar fáil do bhainisteoirí ELTIFanna ó thaobh caipiteal breise a thiomsú le linn shaolré ELTIF. I bhfianaise na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le giaráil, ba cheart a cheadú do ELTIFanna a mhargaítear le

hinfheisteoirí miondíola airgead tirim a fháil ar iasacht suas le 50 % de luach chaipiteal an ELTIF. Tá an tairseach 50 % iomchuí i bhfianaise na dteorainneacha foriomlána maidir le hairgead tirim a fháil ar iasacht atá comhchoiteann i gcás cistí a infheistíonn i sócmhainní réadacha agus a bhfuil próifíl leachtachta agus fuascailte atá comhchosúil acu. Maidir le ELTIFanna a mhargaítear le hinfheisteoirí gairmiúla, ba cheart tairseach giarála níos airde a cheadú dóibh, toisc go mbíonn lamháltas riosca níos airde ag infheisteoirí gairmiúla ná mar a bhíonn ag infheisteoirí miondíola. Dá bhrí sin, maidir leis an tairseach le haghaidh airgead tirim a fháil ar iasacht i gcás ELTIFanna nach margaítear ach le hinfheisteoirí gairmiúla, ba cheart í a ardú go dtí 100 % de chaipiteal an ELTIF.

(26) Chun deiseanna infheistíochta níos leithne a sholáthar do ELTIFanna, ba cheart ELTIFanna a bheith in ann iasachtaí a fháil san airgeadra ina bhfuil bainisteoir an ELTIF ag súil leis an tsócmhainn a fháil. Mar sin féin, is gá riosca na neamhréireachtaí airgeadra a mhaolú agus dá bhrí sin teorainn a chur leis an riosca airgeadra le haghaidh na punainne infheistíochta. Dá bhrí sin ba cheart do ELTIFanna fálaithe leordhóthanacha le haghaidh na risíochta airgeadra a chur ar bun, nó ba cheart dóibh iasachtaí a fháil in airgeadra eile i gcás nach dtugann risíochtaí airgeadra eachtracha rioscaí airgeadra suntasacha i gcrích.

(27) Ba cheart do ELTIFanna a bheith in ann a gcuid sócmhainní a ualú chun a straitéis infheistíochta a chur chun feidhme. Mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le gníomhaíochtaí scáthbhaincéireachta, níor cheart an t-airgead tirim a fhaigheann ELTIFanna ar iasacht a úsáid chun iasachtaí a dheonú do ghnóthais phunainne cháilitheacha. Mar sin féin, chun tuilleadh solúbthachta a sholáthar do ELTIFanna maidir lena straitéis iasachtaíochta a fhorghníomhú, níor cheart na socruithe iasachtaíochta a áireamh mar iasachtaíocht i gcás ina gcumhdaíonn gealltanais chaipitil na n-infheisteoirí an iasachtaíocht sin.

(28) I bhfianaise an mhéadaithe ar na tairseacha uasta iasachtaíochta airgid thirim le haghaidh ELTIFanna agus toisc gur baineadh teorainneacha áirithe ar iasachtaíocht airgid thirim in airgeadraí eachtracha, ba cheart go mbeadh faisnéis níos cuimsithí ag infheisteoirí maidir leis an straitéis agus teorainneacha iasachtaíochta a úsáideann an ELTIF. Is iomchuí dá bhrí sin a cheangal ar bhainisteoirí ELTIF an straitéis iasachtaíochta agus na teorainneacha iasachtaíochta a nochtadh go sainráite i réamheolaire an ELTIF lena mbaineann agus faisnéis a sholáthar maidir le conas a rannchuideoidh giaráil le straitéis ELTIF agus conas a mhaolófar riosca airgeadra agus saolré.

(29) Ceanglaítear le hAirteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair go bhféadfaidh infheisteoirí in ELTIF foirceannadh an ELTIF sin a iarraidh más rud é maidir lena n-iarrataí fuascailte, arna ndéanamh i gcomhréir le beartas fuascailte an ELTIF, nár comhlíonadh iad laistigh de bhliain amháin ón dáta a rinneadh na hiarrataí sin. I bhfianaise threoshuíomh fadtéarmach ELTIFanna agus an phróifíl neamhghnách sócmhainní neamhleachtacha a bhaineann go minic le punanna ELTIFanna, is féidir le teidlíocht aon infheisteora nó aon ghrúpa infheisteoirí chun foirceann ELTIF a iarraidh a bheith díréireach agus dochrach d'fhorghníomhú rathúil na straitéise infheistíochta ELTIF agus do leasanna infheisteoirí eile agus grúpaí infheisteoirí eile. Is iomchuí dá bhrí sin deireadh a chur leis an bhféidearthacht go n-éileoidh infheisteoirí foirceannadh ELTIF i gcás nach bhfuil an ELTIF in ann iarrataí fuascailte a chomhlíonadh.

(30) Níl an leagan de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair soiléir faoi na critéir chun an céatadán fuascailte i dtréimhse ama a mheasúnú, agus faoin íosmhéid

faisnéise atá le soláthar do na húdaráis inniúla faoi fhéidearthacht na bhfuascailtí. I bhfianaise ról lárnach ÚEUM maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/760 agus a saineolas i dtaobh urrúsuithe agus margaí urrúsuithe, is iomchuí é a chur de chúram ar ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a tharraingt suas ina sonrófar na critéir sin agus an fhaisnéis sin.

(31) Le hAirteagal 19(1) den leagan de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair ceanglaítear nach gcuirfidh rialacha nó ionstraimí corpraithe ELTIF cosc ar aonaid nó scaireanna an ELTIF a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach. D'ainneoin na féidearthachta sin, is ar éigean a bhain bainisteoirí ELTIF, infheisteoirí agus rannpháirtithe margaidh úsáid as an sásra trádála tánaistí chun scaireanna nó aonaid ELTIFanna a thrádáil. Chun trádáil thánaisteach aonaid nó scaireanna ELTIF a chur chun cinn, is iomchuí go gceadófar do bhainisteoirí ELTIF a shocrú go bhféadfadh infheisteoirí imeacht den ELTIF, roimh dheireadh shaolré an ELTIF. Chun feidhmiú éifeachtach sásra trádála tánaistí den sórt sin a áirithiú, níor cheart go bhféadfadh infheisteoirí imeacht de ELTIF go luath ar an gcaoi sin ach amháin i gcás ina mbeidh bainisteoir an ELTIF tar éis beartas a chur ar bun chun iarrataí ar imeacht agus infheisteoirí féideartha a mheaitseáil. Ba cheart a shonrú sa bheartas sin, i dteannta nithe eile, an próiseas aistrithe, ról bhainisteoir ELTIF agus ról riarthóir ELTIF, ré an ionú leachtachta ar lena linn a d'fhéadfaí aonaid nó scaireanna an ELTIF a mhalartú, an praghas forghníomhaithe, coinníollacha dáilte, ceanglais maidir le nochtadh, táillí, costais agus muirir agus coinníollacha eile a bhaineann le sásra um ionú leachtachta den sórt sin.

(32) Ceanglaítear le hAirteagal 26 den leagan de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair go mbunóidh bainisteoirí ELTIF saoráidí áitiúla i ngach Ballstát ina mbeartaíonn siad ELTIFanna a mhargú. Tá Treoir (AE) 2019/1160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019[19] tar éis an ceanglas chun saoráidí áitiúla a bhunú a bhaint a mhéid a bhaineann le GCUI agus le cistí infheistíochta malartacha arna margú le hinfheisteoirí miondíola, toisc go gcruthaíonn saoráidí áitiúla den sórt sin costais bhreise agus easaontas ó thaobh margaíocht trasteorann ELTIFanna. Sa bhreis air sin, tharla aistriú sa mhodh tosaíochta teagmhála le hinfheisteoirí ó chruinnithe ag saoráidí áitiúla go dtí idirghníomhú díreach idir bainisteoirí nó dáileoirí ciste agus infheisteoirí de bhua meán leictreonach. Dá mbainfí an oibleagáid sin de Rialachán ELTIF le haghaidh gach infheisteora bheadh sé comhsheasmhach, dá bhrí sin, le Treoir (AE) 2019/1160 agus leis na modhanna comhaimseartha le haghaidh táirgí airgeadais a mhargú, agus d'fhéadfadh sé cur le tarraingteacht ELTIFanna i gcomhair bainisteoirí sócmhainní nach mbeadh orthu na costais a eascraíonn as oibriú saoráidí áitiúla a thabhú a thuilleadh. Ba cheart dá bhrí sin Airteagal 26 a scriosadh.

(33) Leis an leagan d'Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2015/760 atá ann faoi láthair ceanglaítear ar ELTIFanna glacadh le sceideal miondealaithe maidir lena sócmhainní a dhiúscairt go hordúil agus chun aonaid agus scaireanna infheisteoirí a fhuascailt ag deireadh shaolré an ELTIF. Ceanglaítear leis an bhforáil sin freisin go ndéanfaidh ELTIFanna an sceideal miondealaithe sin a nochtadh do na húdaráis inniúla. Cuireann na ceanglais sin bainisteoirí ELTIF faoi réir ualaí suntasacha riaracháin agus comhlíontachta, gan méadú comhfhreagrach ó thaobh cosaint infheisteora a chur ar fáil. Chun na hualaí sin a laghdú agus gan cosaint na n-infheisteoirí a laghdú, ba cheart

---

19 Treoir (AE) 2019/1160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE a mhéid a bhaineann le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta (OJ L 188, 12.7.2019, p. 106).

a cheangal ar ELTIFanna an t-údarás inniúil a chur ar an eolas maidir lena sócmhainní a dhiúscairt go hordúil chun aonaid nó scaireanna infheisteoirí a fhuascailt ag deireadh shaol an ELTIF, agus gan sceideal miondealaithe a sholáthar don údarás inniúil ach amháin i gcás ina n-iarrann an t-údarás inniúil go sainráite ar an ELTIF déanamh amhlaidh.

(34) Baineann ríthábhacht le nochtadh leordhóthanach táillí agus muirear chun ELTIFanna a mheasúnú mar sprioc infheistíochta fhéideartha i gcomhair infheisteoirí. Baineann tábhacht le nochtadh den sórt sin freisin i gcás ina margaítear ELTIFanna le hinfheisteoirí miondíola i gcás struchtúr máistir-fothaire. Is iomchuí dá bhrí sin a cheangal ar bhainisteoir ELTIF go gcuirfidh sé ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil an fhothaire-ELTIF ráiteas maidir le muirir chomhiomlána an fhothaire-ELTIF agus an mháistir-ELTIF.

(35) Le Rialachán (AE) 2015/760 ceanglaítear ar bhainisteoirí ELTIF faisnéis faoi tháillí a bhaineann le hinfheistiú san ELTIF sin a nochtadh i réamheolaire an ELTIF. Mar sin féin, tá ceanglais maidir le nochtadh táillí i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [20] freisin. Chun trédhearcacht an struchtúir táillí a mhéadú, ba cheart an ceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) 2015/760 a ailíniú leis an gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.

(36) Is cleachtas margaidh bunaithe é go gceanglaítear ar an mbainisteoir punainne nó ar phearsanra shinsearach de chuid bhainisteoir ELTIF, nó go mbítear ag coinne leis, go ndéanfaidh siad infheistíocht in ELTIFanna arna mbainistiú ag bainisteoir an ELTIF sin. Glactar leis go bhfuil daoine den sórt sin ina n-infheisteoirí sofaisticiúla agus go bhfuil sáreolas acu ar an ELTIF lena mbaineann. Sna himthosca sin, is beag is fiú a cheangal ar na daoine aonair sin dul faoi thástáil measúnaithe oiriúnachta le haghaidh infheistíochtaí san ELTIF. Is iomchuí dá bhrí sin gan a cheangal ar bhainisteoirí ELTIF ná ar na dáileoirí measúnú oiriúnachta a dhéanamh le haghaidh daoine den sórt sin.

(37) Féadfaidh faisnéis ábhartha i gcomhair infheisteoirí a bheith i réamheolaire an fhothaire-ELTIF, faisnéis a chuireann ar a gcumas d'infheisteoirí measúnú níos fearr a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na tairbhí féideartha a bhaineann le hinfheistíocht. Is iomchuí dá bhrí sin a cheangal, i gcás struchtúr máistir-fothaire, go mbeidh i réamheolaire fhothaire-ELTIF nochtaí faoin struchtúr máistir-fothaire, faoin bhfothaire-ELTIF agus an máistir-ELTIF, cur síos ar gach luach saothair nó gach aisíocaíocht costas is iníoctha ag fothaire ELTIF agus cur síos ar na himpleachtaí cánach d'fhothaire-ELTIF a bhaineann leis an infheistíocht sa mháistir-ELTIF.

(38) Le hAirteagal 30(7) de Rialachán (AE) 2015/760 faoi láthair ceanglaítear go gcaithfear go cothrom le hinfheisteoirí agus coisctear cóir fhabhrach a thabhairt d'infheisteoirí aonair nó do ghrúpaí infheisteoirí nó tairbhí sonracha eacnamaíocha a dheonú do na hinfheisteoirí sin. Mar sin féin, féadfaidh ELTIFanna roinnt aicmí scaireanna nó aonad a bheith acu lena ngabhann coinníollacha atá difriúil de bheagán nó go substaintiúil a mhéid a bhaineann le táillí, struchtúr dlíthiúil, rialacha margaíochta agus ceanglais eile. Chun na difríochtaí sin a chur san áireamh ba cheart a shonrú nár cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais sin ach amháin maidir le hinfheisteoirí nó grúpaí infheisteoirí a infheistíonn san aicme chéanna ELTIFanna nó sna haicmí céanna ELTIFanna.

---

20 Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

(39) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2015/760 a leasú dá réir.

(40) Chun a ndóthain ama a thabhairt do bhainisteoirí ELTIF iad a féin a chur in oiriúint do na ceanglais nua, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann le ELTIFanna a mhargú le hinfheisteoirí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo sé mhí tar éis a theacht i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Is é cuspóir an Rialacháin seo éascaíocht a dhéanamh ar chaipiteal a chruinniú agus caipiteal a chur i dtreo infheistíochtaí fadtéarmacha san fhíorgheilleagar, i gcomhréir le cuspóir an Aontais i leith fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach.';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

'(6) ciallaíonn 'sócmhainn réadach' sócmhainn a bhfuil luach intreach aici de bharr a substainte agus a hairíonna;';

(b) cuirtear an pointe (14a) seo a leanas isteach:

'(14a) Ciallaíonn 'urrús simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe' urrús a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[1]';

*[1] Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).';

(c) cuirtear an pointe (14b) seo a leanas isteach:

'(6) ciallaíonn 'grúpa' grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[2]';

*[2] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).';

(d) cuirtear pointí (20) agus (21) isteach mar a leanas:

'(20) Ciallaíonn 'fothaire-ELTIF' ELTIF, nó urrann infheistíochta den chéanna, a formheasadh chun 85 % ar a laghad dá shócmhainní a infheistiú in aonaid de chuid ELTIF eile de chuid urrann infheistíochta ELTIF;

(21) Ciallaíonn 'máistir-ELTIF' ELTIF, nó urrann infheistíochta den chéanna, a ndéanann ELTIF eile 85 % ar a laghad dá shócmhainní a infheistiú in aonaid de chuid ELTIF eile nó de chuid urrann infheistíochta ELTIF.'

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh údaráis inniúla ELTIFanna ÚEUM ar an eolas, ar bhonn míosúil, faoi údaruithe arna dtabhairt nó arna dtarraingt siar de bhun an Rialacháin seo agus faoi aon athrú ar an bhfaisnéis faoi ELTIF a leagtar amach sa chlár lárnach poiblí dá dtagraítear sa dara fomhír.

Coinneoidh ÚEUM clár lárnach poiblí cothrom le dáta ina sainaithneofar na nithe seo a leanas le haghaidh gach ELTIF arna údarú faoin Rialachán seo:

(a) an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh ('LEI') agus aitheantóir cóid náisiúnta don ELTIF sin, má tá siad ar fáil;

(b) ainm bhainisteoir an ELTIF, agus seoladh agus LEI an bhainisteora sin;

(c) cóid ISIN de chuid an ELTIF agus de chuid gach aicme scaireanna nó aonad ar leithligh, má tá siad ar fáil;

(d) LEI an mháistirchiste, má tá sé ar fáil;

(e) LEI na gcistí fothaire, má tá siad ar fáil;

(f) údarás inniúil an ELTIF agus Ballstát baile an ELTIF sin;

(g) na Ballstáit ina ndéantar an ELTIF a mhargú;

(h) cé acu is féidir an ELTIF a mhargú le hinfheisteoirí miondíola nó nach féidir é a mhargú ach le hinfheisteoirí gairmiúla;

(i) dáta údaraithe an ELTIF;

(j) an dáta a thosaigh margú an ELTIF;

(k) naisc, atá cothrom le dáta, leis an doiciméadacht ELTIF, lena n-áirítear leis na rialacha agus na hionstraimí corpraithe den ELTIF, leis na tuarascálacha bliantúla, leis an réamheolaire agus, má tá fáil uirthi, leis an Doiciméad Faisnéise Bunriachtanaí;

(l) dáta an nuashonraithe is déanaí a rinne ÚEUM ar an bhfaisnéis faoin ELTIF.

Cuirfear an clár lárnach poiblí ar fáil i bhformáid leictreonach.';

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'San iarratas ar údarú mar ELTIF beidh gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) rialacha nó ionstraimí corpraithe an chiste;

(b) ainm bhainisteoir molta an ELTIF;

(c) ainm na taisclainne agus, i gcás ina n-iarrann an t-údarás inniúil le haghaidh ELTIFanna a mhargaítear le hinfheisteoirí miondíola, an comhaontú i scríbhinn leis an taisclann;

(d) i gcás in mbeartaítear an ELTIF a mhargú le hinfheisteoirí miondíola, cur síos ar an bhfaisnéis a bheidh le cur ar fáil d'infheisteoirí, lena n-áirítear cur síos ar shocruithe chun déileáil le gearáin arna dtíolacadh ag infheisteoirí miondíola;

(e) i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis seo a leanas maidir le struchtúr máistir-fothaire ELTIF:

(i) dearbhú go bhfuil an fothaire-ELTIF ina fhothaire den mháistir-ELTIF;

(ii) rialacha ciste nó ionstraimí corpraithe an máistir-ELTIF agus an comhaontú idir an fothaire-ELTIF agus an máistir-ELTIF dá dtagraítear nó na rialacha inmheánacha maidir le hiompar gnó dá dtagraítear in Airteagal 29(6);

(iii) i gcás ina bhfuil taisclanna éagsúla ag an máistir-ELTIF agus an fothaire-ELTIF, an comhaontú roinnte faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 29(7), ;

(iv) i gcás ina mbunaítear an fothaire-ELTIF i mBallstát seachas Ballstát baile an mháistir-ELTIF, fianú ó na húdaráis inniúla i mBallstát baile an mháistir-ELTIF go bhfuil an máistir-ELTIF ina ELTIF arna sholáthar ag an bhfothaire-ELTIF.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfear in iúl d'iarratasóirí laistigh de dhá mhí ón dáta a chuirtear isteach iarratas iomlán i dtaobh cé acu a bheidh nó nach mbeidh údarú mar ELTIF tugtha. Ní bheidh údarú faoi réir ceanglais go mbeidh ELTIF arna bhainistiú ag BCIM a bhfuil a oifig chláraithe i mBallstát baile an ELTIF, nó go saothróidh nó go dtarmligfidh an BCIM aon ghníomhaíochtaí i mBallstát baile an ELTIF.';

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) i gcás in mbeartaítear an ELTIF a mhargú le hinfheisteoirí miondíola, cur síos ar an bhfaisnéis a bheidh le cur ar fáil d'infheisteoirí, lena n-áirítear cur síos ar shocruithe chun déileáil le gearáin arna dtíolacadh ag infheisteoirí miondíola.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*'Airteagal 10*

**Sócmhainní infheistíochta incháilithe**

1. Ní bheidh sócmhainn dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), incháilithe le haghaidh infheistíochta ag ELTIF ach amháin i gcás ina mbeidh sé i gceann de na catagóirí seo a leanas:

(a) ionstraimí cothromais nó cuasachothromais a bheidh:

(i) eisithe ag gnóthas punainne cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus faighte ag an ELTIF ón ngnóthas punainne cáilitheach nó ó thríú páirtí tríd an margadh tánaisteach;

(ii) eisithe ag gnóthas punainne cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 11(1) mar mhalairt ar ionstraim chothromais nó chuasachothromais a fuair an ELTIF roimhe sin ón ngnóthas punainne cáilitheach sin nó ó thríú páirtí tríd an margadh tánaisteach;

(iii) eisithe ag gnóthas ina sealbhaíonn gnóthas punainne cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 11(1) rannpháirteachas caipitil mar mhalairt ar

ionstraim cothromais nó chuasachothromais arna fáil ag an ELTIF de réir pointe (i) nó phointe (ii) den mhír seo;

(b) ionstraimí fiachais a bheidh eisithe ag gnóthas punainne cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 11(1);

(c) iasachtaí arna ndeonú ag an ELTIF do ghnóthas punainne cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 11(1) le haibíocht nach faide ná saolré an ELTIF;

(d) aonaid nó scaireanna de chuid ELTIF, EuVECA, EuSEF, GCUI agus CIM AE amháin nó de chuid roinnt ELTIFanna, EuVECAnna, EuSEFanna GCUI agus CIManna AE arna mbainistiú ag BCIM AE ar choinníoll go n-infheistíonn na ELTIFanna, EuVECAnna, EuSEFanna, GCUI agus CIManna AE sin in infheistíochtaí incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2) agus nár infheistigh siad féin níos mó ná 10 % dá sócmhainní in aon gnóthas comhinfheistíochta eile.

(e) sócmhainní réadacha ag a bhfuil luach EUR 1 000 000 ar a laghad nó a choibhéis san airgeadra ina dtabhaítear an caiteachas agus tráth a thabhaítear an caiteachas;

(f) urrúsuithe simplí, trédhearcacha, caighdeánaithe i gcás ina gcomhfhreagraíonn na risíochtaí foluiteacha do cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

(i) sócmhainní a liostaítear in Airteagal 1, pointe (a)(i), (ii) nó (iv), de Rialachán Tarmligthe 2019/1851 ón gCoimisiún[*3];

(ii) sócmhainní a liostaítear in Airteagal 1, pointe (a)(vii) agus (viii), de Rialachán Tarmligthe 2019/1851, ar choinníoll go n-úsáidtear na fáltais ó na bannaí urrúsaithe chun infheistíochtaí fadtéarmacha a mhaoiniú nó a athmhaoiniú.

______________

*3 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/1851 ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le haonchineálacht na risíochtaí foluiteacha in urrúsú (IO L 285, 6.11.2019, lch. 1).';

2. I gcás inar infheistigh ELTIF i scaireanna nó aonaid de chuid ELTIFanna, EuVECAnna, EuSEFanna, GCUInna agus CIManna AE arna mbainistiú ag BCIManna AE i gcomhréir le mír 1, pointe (d), tá na sócmhainní de chuid an ELTIF áirithe agus na gnóthais chomhinfheistíochta eile le comhcheangal chun comhlíonadh na dteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 13 agus Airteagal 16(1) a chinneadh.'

(6) Leasaítear Airteagal 11(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Beidh gnóthas punainne cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 10 ina ghnóthas a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:';

(b) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) déantar é a ligean isteach i dtrádáil ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach agus tá caipitliú margaidh nach mó ná EUR 1 000 000 000 aige tráth na hinfheistíochta tosaigh;';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*'Airteagal 12*

**Coinbhleachtaí leasa**

1. Ní infheisteoidh ELTIF i sócmhainn infheistíochta incháilithe ina bhfuil leas ag bainisteoir an ELTIF, go díreach nó go hindíreach, seachas trí aonaid nó scaireanna de chuid ELTIFanna, EuSEFanna, EuVECAnna, GCUI nó CIManna AE a bhainistíonn sé a shealbhú.

2. Maidir le BCIM a bhainistíonn ELTIF agus gnóthais ar leis an ngrúpa céanna iad lena ngabhann BCIM a bhainistíonn ELTIF, agus maidir lena gcuid foirne, féadfaidh siad comhinfheistíocht a dhéanamh san ELTIF sin agus comhinfheistíocht a dhéanamh leis an ELTIF sa tsócmhainn chéanna, ar choinníoll go ndéanfaidh bainisteoir ELTIF socruithe eagraíochtúla agus riaracháin a chur ar bun, socruithe a dheartar chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu agus ar choinníoll go ndéanfar coinbhleachtaí leasa den sórt sin a nochtadh go leordhóthanach.';

(8) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

'1. Infheisteoidh ELTIF 60 % ar a laghad dá chaipiteal i sócmhainní infheistíochta incháilithe.

2. Ní infheisteoidh ELTIF níos mó ná:

(a) 20 % dá chaipiteal in ionstraimí arna n-eisiúint ag aon ghnóthas punainne cáilitheach aonair nó iasachtaí arna ndeonú d'aon ghnóthas punainne cáilitheach aonair;

(b) 20 % dá chaipiteal go díreach nó go hindíreach i sócmhainn réadach aonair;

(c) 20 % dá chaipiteal in aonaid nó i scaireanna aon ELTIF, EuVECA, EuSEF, GCUI nó CIM AE aonair arna bhainistiú ag BCIM AE;

(d) 10 % dá chaipiteal i sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) i gcás inar eisigh comhlacht aonair na sócmhainní sin.

3. Ní bheidh luach comhiomlán aonaid ná scaireanna ELTIFanna, EuVECAnna, EuSEFanna, GCUI agus CIManna AE arna mbainistiú ag BCIM AE i bpunann ELTIF os cionn 40 % de luach chaipiteal an ELTIF.';

(b) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

'3a. Ní bheidh luach comhiomlán urrúsuithe simplí trédhearcacha caighdeánaithe i bpunann ELTIF os cionn 20 % de luach chaipiteal an ELTIF.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'4. Ní bheidh an risíocht riosca chomhiomlán le contrapháirtí de chuid an ELTIF a thagann as idirbhearta díorthacha thar an gcuntar, comhaontuithe athcheannaigh, ná comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais os cionn 10 % de luach chaipiteal an ELTIF.';

(d) scriostar mír 5;

(e) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'De mhaolú ar mhír 2, pointe (d), féadfaidh ELTIF an teorainn 10 % dá dtagraítear sa phointe sin a ardú chuig 25 % i gcás bannaí a bheith eisithe ag institiúid chreidmheasa a bhfuil oifig chláraithe aici i mBallstát agus atá faoi réir maoirseacht speisialta phoiblí de réir an dlí chun sealbhóirí bannaí a chosaint.';

(f) cuirtear isteach an mhír 8 seo a leanas:

'8. Ní bheidh feidhm ag na tairseacha infheistíochta a leagtar amach i míreanna 2 go 4 i gcás nach ndéantar ELTIFanna a mhargú ach le hinfheisteoirí gairmiúla.';

(9) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ní fhéadfaidh ELTIF níos mó ná 30 % d'aonaid nó de scaireanna ELTIF, EuVECA, EuSEF, GCUI nó CIM AE aonair atá arna bhainistiú ag BCIM AE a fháil. 'Ní bheidh feidhm ag an teorainn sin i gcás nach ndéantar ELTIFanna a mhargú ach le hinfheisteoirí gairmiúla.';

(b) i mír 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Ní bheidh feidhm ag na teorainneacha comhchruinnithe sin i gcás nach ndéantar ELTIFanna a mhargú ach le hinfheisteoirí gairmiúla.';

(10) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

'(a) gurb é 50 % de luach chaipiteal an ELTIF agus ní mó é ná 100 % de luach chaipiteal an ELTIF le haghaidh ELTIFanna nach margaítear ach le hinfheisteoirí gairmiúla;

(b) go bhfónann sé don chuspóir infheistíochtaí a dhéanamh nó leachtacht a sholáthar, lena n-áirítear costais agus caiteachais a íoc, seachas iasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (c), ar choinníoll nach leor na sealúchais in airgead tirim nó i gcomhluach airgead tirim an ELTIF chun an infheistíocht lena mbaineann a dhéanamh;

(c) go gconraítear é in airgeadra na sócmhainní atá le fáil leis an airgead a fuarthas ar iasacht nó in airgeadra eile i gcás ina mbeidh risíocht airgeadra fálaithe nó i gcás inar féidir a léiriú ar shlí eile nach bhfágann an iasachtaíocht in airgeadra eile go mbeidh an ELTIF ris ar rioscaí ábhartha airgeadra.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) cuireann sé sócmhainní faoi eire chun straitéis infheistíochta an ELTIF lena mbaineann a chur chun feidhme.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Maidir le socruithe iasachtaíochta a chumhdaítear go hiomlán le gealltanais chaipitil infheisteoirí, ní mheasfar gur iasachtaíochtaí iad chun críocha mhír 1.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Sonróidh bainisteoir ELTIF i réamheolaire ELTIF cé acu a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn ELTIF airgead tirim a fháil ar iasacht mar chuid de straitéis infheistíochta ELTIF agus soláthróidh sé cur i láthair mionsonraithe ina mbeidh straitéis agus teorainneacha iasachtaíochta ELTIF. Go háirithe, cuirfidh bainisteoir ELTIF in iúl conas a chuideoidh an iasachtaíocht le straitéis an ELTIF a chur i bhfeidhm agus le rioscaí iasachtaíochta, airgeadra agus saolré a mhaolú.’;

(11) in Airteagal 18, scriostar mír 4;

(12) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na cúinsí ina meastar go bhfuil saolré ELTIF fada a dhóthain chun saolré gach sócmhainn ar leith de ELTIF a chumhdach, dá dtagraítear i mír 3.

Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar an t-íosmhéid faisnéise atá le soláthar le húdaráis inniúla faoi Airteagal 18(2), pointe(b), agus na critéir chun an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointe (d) a mheasúnú, agus sreafa airgid thirim agus dliteanais ionchasacha an ELTIF á gcur san áireamh.’;

(13) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(i) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Féadfaidh rialacha nó ionstraimí corpraithe ELTIF foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfar, roimh dheireadh shaolré ELTIF, iarrataí aistrithe aonaid nó scaireanna ELTIF ó infheisteoirí imeachta a lán-mheaitseáil nó a pháirt-mheaitseáil le hiarrataí aistrithe ó infheisteoirí féideartha, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá beartas meaitseála iarrataí leagtha amach ag bainisteoir ELTIF ina leagtar amach go soiléir gach ceann de na nithe seo a leanas:

(i) an próiseas aistrithe le haghaidh infheisteoirí imeachta agus infheisteoirí féideartha araon;

(ii) ról an bhainisteora ciste agus an riarthóra ciste maidir le haistrithe a sheoladh, agus maidir leis na hiarrataí faoi seach a mheaitseáil;

(iii) tá tréimhsí ama ar lena linn is féidir le hinfheisteoirí imeachta agus infheisteoirí féideartha aistriú scaireanna nó aonaid an ELTIF a iarraidh;

(iv) an praghas forghníomhaithe;

(v) na coinníollacha dáilte;

(vi) uainiú agus cineál an nochta a dhéantar ar fhaisnéis i ndáil leis an bpróiseas aistrithe;

(vii) na táillí, na costais agus an muirear, más ann dóibh, a bhaineann leis an bpróiseas aistrithe;

(b) leis an mbeartas agus na nósanna imeachta maidir le hiarrataí ó infheisteoirí imeachta ELTIF agus infheisteoirí féideartha ELTIF a mheaitseáil, áirithítear go gcaitear go cothrom le hinfheisteoirí agus go seoltar an mheaitseáil ar bhonn pro ráta i gcás ina mbíonn neamhréir idir infheisteoirí imeachta agus infheisteoirí féideartha;

(c) trí mheaitseáil na n-iarrataí bíonn bainisteoir ELTIF in ann faireachán a dhéanamh ar riosca leachtachta an ELTIF, agus tá an mheaitseáil sin comhoiriúnach le straitéis infheistíochta fadtéarmaí an ELTIF.';

(ii) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

'5. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na himthosca ina mbeidh Airteagal 19(2a) le cur i bhfeidhm, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá do ELTIFanna a nochtadh le hinfheisteoirí.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [...].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(14) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh ELTIF a údarás inniúil ar an eolas maidir lena sócmhainní a dhiúscairt go hordúil chun aonaid nó scaireanna infheisteoirí a fhuascailt tar éis dheireadh shaolré an ELTIF bliain amháin ar a dhéanaí roimh dháta dheireadh shaolré an ELTIF. Ar iarratas ó údarás inniúil an ELTIF, cuirfidh an ELTIF sceideal miondealaithe faoi bhráid a údaráis inniúil maidir leis na sócmhainní sin a dhiúscairt go hordúil .';

(15) leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

'3a. Beidh na nithe seo a leanas i réamheolaire an fhothaire-ELTIF:

(a) dearbhú go bhfuil an fothaire-ELTIF ina fhothaire de chuid máistir-ELTIF áirithe agus mar sin go n-infheistíonn sé 85 % nó níos mó dá chuid sócmhainní go buan in aonaid den mháistir-ELTIF sin;

(b) an cuspóir agus beartas infheistíochta, lena n-áirítear an phróifíl riosca agus cé acu is ionann nó nach ionann feidhmíocht an fhothaire-ELTIF agus an mháistir-ELTIF, nó a mhéid atá siad éagsúil lena chéile agus na cúiseanna leis an éagsúlacht;

(c) cur síos achomair ar an máistir-ELTIF, a eagrúchán, a chuspóir agus beartas infheistíochta, lena n-áirítear an phróifíl riosca, agus léiriú ar conas is féidir réamheolaire an mháistir-ELTIF a fháil;

(d) achoimre ar an gcomhaontú a rinneadh idir an fothaire-ELTIF agus an máistir-ELTIF, nó ar na rialacha inmheánacha maidir le hiompar gnó dá dtagraítear in Airteagal 29(6));

(e) conas is féidir le sealbhóirí aonaid tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an máistir-ELTIF agus maidir leis an gcomhaontú, dá dtagraítear in Airteagal 29(6), a rinneadh idir an fothaire-ELTIF agus an máistir-ELTIF;

(f) cur síos ar gach luach saothair nó gach aisíocaíocht costas is iníoctha ag an bhfothaire-ELTIF de bhua a infheistíochta in aonaid de chuid an mháistir-ELTIF, chomh maith le cur síos ar mhuirir chomhiomlána an fhothaire-ELTIF agus an mháistir-ELTIF;

(g) cur síos ar na himpleachtaí cánach don fhothaire-ELTIF a bhaineann leis an infheistíocht sa mháistir-ELTIF.';

(b) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘I gcás ina margaítear ELTIF le hinfheisteoirí miondíola, cuirfidh bainisteoir ELTIF ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil an fhothaire-ELTIF ráiteas maidir le muirir chomhiomlána an fhothaire-ELTIF agus an mháistir-ELTIF. Léireofar i dtuarascáil bhliantúil an fhothaire-ELTIF conas is féidir tuarascáil bhliantúil nó tuarascálacha bliantúla an mháistir-ELTIF a fháil’.

(16) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Sa réamheolaire nochtfar cóimheas foriomlán costas de chuid ELTIF.’;

(17) Scriostar Airteagal 26.

(18) Scriostar Airteagal 28.

(19) in Airteagal 29, cuirtear isteach an mhír 6 agus an mhír 7 seo a leanas:

‘6. I gcás struchtúr máistir-fothaire, soláthróidh an máistir-ELTIF d’fhothaire-ELTIF na doiciméid agus an fhaisnéis uile is gá chun go gcomhlíonfaidh an fothaire-ELTIF na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Chun na críche sin, déanfaidh an fothaire-ELTIF comhaontú leis an máistir-ELTIF.

Cuirfear an comhaontú sin ar fáil do na sealbhóirí aonad go léir ar iarratas agus saor in aisce. I gcás ina mbíonn an máistir-ELTIF agus an fothaire-ELTIF á mbainistiú ag an gcuideachta bainistíochta chéanna, is féidir an comhaontú a ionadú le rialacha inmheánacha maidir le hiompar gnó lena n-áirithítear comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa mhír seo.

7. I gcás ina mbíonn taisclanna éagsúla ag an máistir-ELTIF agus ag an bhfothaire-ELTIF, déanfaidh na taisclanna sin comhaontú roinnte faisnéise chun comhlíonadh dhualgais an dá thaisclann a áirithiú. Ní infheisteoidh an fothaire-ELTIF in aonaid den mháistir-ELTIF go dtí go mbeidh éifeacht le comhaontú den sórt sin.

I gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos sa mhír seo, ní bhfaighfear go bhfuil taisclann an mháistir-ELTIF ná taisclann an fhothaire-ELTIF ag sárú aon rialacha a chuireann teorainn le nochtadh faisnéise nó a bhaineann le cosaint sonraí i gcás ina ndéantar foráil maidir le rialacha den sórt sin i gconradh nó i ndlí, rialachán nó foráil riaracháin. Ní bheidh comhlíonadh den sórt sin ina chúis le haon dliteanas ar thaobh taisclann den sórt sin ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann.

Beidh an fothaire-ELTIF nó, i gcás inarb infheidhme, cuideachta bainistíochta an fhothaire-ELTIF, i bhfeighil ar aon fhaisnéis faoin máistir-ELTIF is gá chun dualgais thaisclann an fhothaire-ELTIF a chur i gcrích a chur in iúl do thaisclann an fhothaire-ELTIF. Cuirfidh taisclann an mháistir-ELTIF údaráis inniúla Bhallstát baile an mháistir-ELTIF, an fothaire-ELTIF nó, i gcás inarb infheidhme, an chuideachta bainistíochta agus taisclann an fhothaire-ELTIF ar an eolas láithreach i dtaobh cibé neamhrialtachtaí a bhraitheann sé maidir leis an máistir-ELTIF ar neamhrialtachtaí iad a meastar go bhfuil tionchar diúltach acu ar an bhfothaire-ELTIF.’;

(20) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

*'Airteagal 30*

**Ceanglais shonracha maidir le dáileadh ELTIFanna ar infheisteoirí miondíola agus margú ELTIFanna**

1. Ní féidir aonaid nó scaireanna ELTIF a mhargú le hinfheisteoir miondíola ach amháin i gcás ina mbeidh measúnú oiriúnachta déanta i leith an infheisteora sin i gcomhréir le hAirteagal 25, míreanna 1, 2 agus 5, le hAirteagal 25(6), an dara fomhír agus an tríú fomhír, agus le hAirteagal 25(7) de Threoir 2014/65/AE.

2. I gcás inar faide ná 10 mbliana saolré ELTIF a thairgtear d'infheisteoirí miondíola nó a chuirtear chucu, eiseoidh bainisteoir an ELTIF nó an dáileoir rabhadh soiléir i scríbhinn go bhféadfadh sé nach mbeadh an táirge ELTIF oiriúnach d'infheisteoirí miondíola nach bhfuil in ann gealltanas fadtéarmach agus neamhleachtach den sórt sin a choimeád ar bun.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 i gcás ina bhfuil an t-infheisteoir miondíola ina bhall den fhoireann shinsearach, ina bhainisteoir punainne, ina stiúrthóir, ina oifigeach, ina ghníomhaire nó ina fhostaí de chuid an bhainisteora nó de chuid cleamhnaí den bhainisteoir, agus ina bhfuil a dhóthain eolais aige faoin ELTIF lena mbaineann.

4. I gcás struchtúr máistir-fothaire, beidh an fhaisnéis uile seo a leanas i réamheolaire an fhothaire-ELTIF:

   (a) dearbhú go bhfuil an fothaire-ELTIF ina fhothaire den mháistir-ELTIF;

   (b) an cuspóir agus beartas infheistíochta, lena n-áirítear an phróifíl riosca agus cé acu is ionann nó nach ionann feidhmíocht an fhothaire-ELTIF agus an mháistir-ELTIF, nó a mhéid atá siad éagsúil lena chéile agus na cúiseanna leis an éagsúlacht sin;

   (c) cur síos achomair ar an máistir-ELTIF, a eagrúchán, a chuspóir agus beartas infheistíochta, lena n-áirítear an phróifíl riosca, agus faisnéis maidir conas is féidir réamheolaire an mháistir-ELTIF a fháil;

   (d) cur síos ar gach luach saothair nó gach aisíocaíocht costas is iníoctha ag an bhfothaire-ELTIF de bhua a infheistíochta in aonaid de chuid an mháistir-ELTIF, chomh maith le cur síos ar mhuirir chomhiomlána an fhothaire-ELTIF agus an mháistir-ELTIF;

   (e) cur síos ar na himpleachtaí cánach don fhothaire-ELTIF a bhaineann leis an infheistíocht sa mháistir-ELTIF .

5. Déanfaidh fothaire-ELTIF a nochtadh in aon chumarsáid mhargaíochta go n-infheistíonn sé 85 % nó níos mó dá chuid sócmhainní go buan in aonaid den mháistir-ELTIF.

6. Déanfar foráil i rialacha nó ionstraimí corpraithe ELTIF arna mhargú le hinfheisteoirí miondíola san aicme ábhartha aonad nó scaireanna go ndéileáiltear go comhionann le gach infheisteoir agus nach ndéileáiltear go fabhrach le hinfheisteoirí aonair nó le grúpaí infheisteoirí laistigh den aicme ábhartha nó de na haicmí ábhartha ná nach dtugtar sochair eacnamaíochta shonracha dóibh.

7. Ní bheidh tuilleadh dliteanais don infheisteoir miondíola de thoradh ar fhoirm dhlíthiúil ELTIF a mhargaítear le hinfheisteoirí miondíola ná ní cheanglófar aon ghealltanas breise thar ceann infheisteoir den sórt sin seachas an gealltanas caipitil bunaidh.

8. Beidh infheisteoirí miondíola in ann, i rith na tréimhse suibscríbhinne agus dhá sheachtain ar a laghad tar éis dháta éifeachtach an ghealltanais nó an chomhaontaithe suibscríbhinne le haghaidh aonaid nó scaireanna an ELTIF, a suibscríbhinn a chur ar ceal agus an t-airgead a fháil ar ais gan aon phionós.

9. Déanfaidh bainisteoir ELTIF a chuirtear ar mhargadh na n-infheisteoirí miondíola nósanna imeachta agus socruithe iomchuí a bhunú chun déileáil le gearáin infheisteoirí miondíola, rud a cheadóidh d'infheisteoirí gearáin a dhéanamh i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla a mBallstáit.';

(21) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tráth nach déanaí ná [dáta a theacht i bhfeidhm + 5 bliana], cuirfidh an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar anailís san athbhreithniú ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) cur i bhfeidhm Airteagal 18 agus tionchar an chur i bhfeidhm sin ar bheartas fuascailte agus saolré ELTIFanna;

(b) cur i bhfeidhm forálacha maidir le húdarú ELTIFanna, mar a leagtar amach in Airteagail 3 go 6;

(c) cé acu ba cheart nó nár cheart nuashonrú a dhéanamh ar an gclár lárnach poiblí ELTIFanna mar a leagtar síos in Airteagal 3;

(d) an tionchar ar éagsúlú sócmhainní a bheidh ag cur i bhfeidhm tairseacha íosta de shócmhainní infheistíochta incháilithe a leagtar síos in Airteagal 13(1);

(e) a mhéid a mhargaítear ELTIFanna san Aontas, lena n-áirítear an spéis a d'fhéadfadh a bheith ag BCIManna dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2011/61/AE i margú ELTIFanna;

(f) cé acu ba cheart nó nár cheart nuashonrú a dhéanamh ar an liosta sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe, na rialacha éagsúlaithe, na rialacha maidir le comhdhéanamh punainne, na rialacha comhchruinnithe agus na teorainneacha maidir le hairgead a fháil ar iasacht;

(g) cé acu ba cheart nó nár cheart nuashonrú a dhéanamh ar na forálacha maidir le coinbhleachtaí leasa a leagtar síos in Airteagal 12;

(h) cé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais trédhearcachta a leagtar síos i gCaibidil IV iomchuí;

(i) cé acu atá nó nach bhfuil na forálacha a bhaineann le mhargú aonad nó scaireanna de chuid ELTIFanna a leagtar síos i gCaibidil V iomchuí agus cé acu a dhéanann siad cosaint éifeachtach infheisteoirí a áirithiú, lena n-áirítear infheisteoirí miondíola.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó [teacht i bhfeidhm + 6 mhí].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |